AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL
LOCAL GOVERNMENT MANAGEMENT AGENCY

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2015

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015 GBRÁ

BUNEOLAS FAOIN nGNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL.....5

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH.....6

ACHOIMRE.....7

ATHCHÓIRIÚ GBRÁ.....10

Fís, Misean, Luachanna.....10

Cuspóirí Straitéiseacha Ardleibhéil.....11

Struchtúr Eagraíochtúil.....11

Rannóg an Bheartais Rannpháirtíochta Fostaithe.....12

An Rannóg Taighde agus Nuálaíochta.....12

Rannóg Bainistíochta na gClár.....12

Rannóg na hOifige um Aistriú Seirbhísí Uisce (OASU).....12

Rannóg Athchóirithe agus Forbartha na Gníomhaireachta.....13

Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise – Cur Chuige Nua.....13

CIONROINNT TÁILLÍ – ATHBHREITHNIÚ.....14

FREAGAIRT AR THUILTE.....15

AG TACÚ LEIS AN RIALTAS ÁITIÚIL.....16

OIFIG BAINISTÍOCHTA NA gCLÁR (OBC).....16

Forfheidhmiú um Dhramhaíl.....16

AN CHREAT-TREOIR UISCE.....18

OIFIG NÁISIÚNTA NA CREAT-TREORACH UISCE.....19

VOTER.IE.....20

Tuarascáil ar GBRÁ, CNMI agus Táscairí Feidhmíochta.....20

TITHÍOCHT.....21

An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.....21

AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA (CBRF).....22

Comhoibriú maidir le Dearadh Córas.....22

Anailís Staitisticiúil.....23

BÓITHRE.....24

Córas Bainistíochta Cosán MapRoad.....24

AN OIFIG UM AISTRIÚ SEIRBHÍSÍ UISCE (OASU).....25

Saincheisteanna Aistrithe/Oidhreachta.....25

Bainistiú an Chomhaontú Seirbhíse (CS) agus Pleananna Bliantúla Seirbhíse (PBSanna).....25

Athbhreithniú ar an gComhaontú Seirbhíse.....26

Bunathrú ar an Tionscal Uisce.....26

Grúpa Sainchomhairleachta Uisce Éireann.....26

ÁR nUISCE A CHOSAINT.....27

ÉIRCHÓID.....27

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN / POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE.....28

LEABHARLANNA.....30

Comhdháil ar an gCeart chun Léamh.....30

AG TACÚ LE POBAIL ÁITIÚLA.....31

CÚRSAÍ AIRGEADAIS NA nÚDARÁS ÁITIÚIL.....32

BAINSTIÚ FIACHAIS.....32

SOLÁTHAR.....32

An Lárionad um Sholáthar Oibríochtúil Rialtais Áitiúil.....33

AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS.....33

ACMHAINNÍ DAONNA, PÁROLLA AGUS AOISLIÚNTAS.....34

An Clár um Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais.....34

Comhpárolla 35

Uasghrádú Córas CORE.....36

An Coiste Náisiúnta Caighdeán (CNC).....38

COMHAONTÚ BHÓTHAR LANSDOWNE.....38

AIGNEACHTAÍ CHUIG COISTÍ OIREACHTAIS.....38

Aighneacht faoin gClár Toghthóirí.....39

Aighneacht faoi Leas Capall.....40

Ag Tacú le CUMANN LUCHT BAINISTÍOCHTA CONTAE AGUS CATHRACH (CLBCC)……

Cumarsáid…….

Foilseacháin……..40

An Méid atá á Dhéanamh ag Údaráis Áitiúla le Lár Bailte a Fheabhsú……..40

RIALÚ CORPARÁIDEACH……41

Rialú……41

COMHALTAÍ AN BHOIRD……42

TINREAMH AG CRUINNITHE BOIRD 2015……43

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA……44

Iniúchadh Inmheánach……45

BAINISTIÚ RIOSCAÍ……45

NA hACHTANNA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ AGUS CAIGHDEÁIN IN OIFIGí POIBLÍ……46

TUARASTAL - AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH……46

SOLÁTHAR CORPARÁIDEACH……46

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FUINNIMH GBRÁ, 2015 ……46

Aguisín 1……48

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015 AR LUACH SAOTHAIR Ó IASACHTÚ POIBLÍ……..48

Aguisín 2……55

CUNTAIS AIRGEADAIS 2015……55

GLUAIS……80

BUNEOLAS FAOIN nGNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

Is gníomhaireacht stáit í an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (www.lgma.ie) a bunaíodh sa bhliain 2012 nuair a tugadh le chéile in aon eagraíocht amháin Bord na Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Bord na Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil; rinneadh feidhmeanna na Comhairle Leabharlann a comhtháthú freisin.

Comhlíonann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) a feidhmeanna reachtúla trí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

- Na seirbhísí a bhíonn de dhíth ar na húdaráis áitiúla maidir le hidirbheartaíocht foirne/forbairt foirne, de réir mar is gá;
- Seirbhísí a bhíonn de dhíth ar na húdaráis áitiúla le comhoiriúnacht ó thaobh úsáid TFC de a chomhordú agus a dhaingniú, de réir mar is gá;
- Seirbhísí bainistíochta eile a bhíonn de dhíth ar na húdaráis áitiúla, de réir mar is gá;
- Seirbhísí a bhíonn de dhíth ar Chumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CLBCC) faoi choinne cruinnithe bainisteoirí, mar aon le seirbhísí tacaíochta eile, de réir mar is gá;
- Comhairle, cúnamh agus seirbhísí d'údaráis na leabharlann maidir leis an tseirbhís phoiblí leabharlann;
- Comhairle, eolas agus cúnamh a bhíonn de dhíth ar an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, de réir mar is gá.

Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht freastal ar riachtanais na nÚdarás Áitiúil agus na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh: clár oibre athchóiriú na hearnála poiblí a chur i bhfeidhm san earnáil rialtais áitiúil (go háirithe i dtaca le comhsheirbhísí de), taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ag teacht chun solais agus ar shaincheisteanna eile atá aitheanta cheana féin, agus tacaíocht ghinearálta a thabhairt san earnáil rialtais áitiúil le feidhmíocht a fheabhsú.

Joseph Nugent

An Príomhfheidhmeannach

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2015, bliain ina raibh athchóiriú san eagraíocht go mór chun cinn, a chur i láthair ar son na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

In 2015, chomhaontaigh Bord GBRÁ treo úr straitéiseach don Ghníomhaireacht. Beidh an treo nua bunaithe ar athchóiriú atá déanta sa Ghníomhaireacht le blianta beaga anuas, agus aithnítear ann síneadh ar sheachadadh seirbhísí chun gníomhartha Oifig Bainistíochta na gClár agus na hOifige um Aistriú Seirbhísí Uisce a chuimsiú. Ag croílár an athchóirithe tá luachanna eagraíochtúla GBRÁ, mar aon le Fís, Misean agus Cuspóirí Straitéiseacha atá ag teacht leis na luachanna sin. Táim ag dúil le torthaí an chur chuige nua seo a fheiceáil sna blianta atá romhainn.

Bhí drochthuilte amach is amach ann ag deireadh 2015 a chothaigh cruatán agus deacrachtaí do chuid mhór daoine ar fud na tíre. D'obair na hÚdaráis Áitiúla agus GBRÁ go dlúth lena chéile ina bhfreagairt ar an ngéarchéim seo. Is mian liom iarrachtaí fhoireann GBRÁ go háirithe a aithint as seasamh gualainn ar ghualainn le foirne na nÚdarás Áitiúil le linn na tréimhse deacra seo.

Agus súil á caitheamh siar agam ar 2015, is mian liom obair fhoireann GBRÁ a aithint. Is luachmhar ar fad an obair a dhéanann siad san earnáil Údaráis Áitiúil. Ba mhaith liom freisin buíochas a chur in iúl do Eddie Sheehy, iar-Chathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach Chill Mhantáin, a chuaigh ar scor i rith na bliana.

Tháinig Joseph Nugent isteach in GBRÁ mar Phríomhfheidhmeannach ag tús 2015. Is mian liom buíochas a ghabháil leis as an obair atá déanta aige agus gach rath a ghuí air in GBRÁ sna blianta atá romhainn.

Táim buíoch freisin do mo chomhghleacaithe ar an mBord as a bhfís, treoir agus tacaíocht le linn na bliana, a bhí lán athruithe. Lena chois sin, is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Alan Kelly agus leis na hoifigigh sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil as an gcuidiú ar fad a thug siad i gcaitheamh na bliana.

Peter Carey
An Cathaoirleach

ACHOIMRE

SAINCHEADÚNAIS

Cuireadh comhaighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais Comhshaoil, Cultúir agus Gaeltachta ar son GBRÁ agus CLBCC mar fhreagairt ar an bpróiseas comhairliúcháin i dtaca le Coimisiún Toghchán a bhunú in Éirinn.

UISCE

Ceapadh Cuibhreannas Chill Chainnigh/Thiobraid Árann leis an Oifig Náisiúnta Údaráis Áitiúil um Fhorbairt na Creat-Treorach Uisce a bhunú agus a bhainistiú.

DRAMHAÍL

Roghnaíodh na Comhairlí seo a leanas mar na Ceann-Údaráis Áitiúla Réigiúnacha maidir le Forfheidhmiú um Dhramhaíl:

Réigiún an Deiscirt – Corcaigh, an Réigiún Lár Tíre Thoir – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Réigiún Chonnacht agus Uladh – Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Liatroma

ÉIRCHÓID

Cuireadh Éirchóid i bhfeidhm ar Chlár na dToghthóirí agus Check the Register. Rinneadh feabhsúcháin ar chóras na rátaí agus ar chórais eile sa dóigh go bhféadfaí úsáid a bhaint as Éirchóid, e.g. CORE agus an Córas Bainistíochta um Rialú Foirgníochta (CBRF).

AN GRÚPA NÁISIÚNTA COMHORDAITHE

Tionóladh an Grúpa Náisiúnta Comhordaithe um chásanna mór-éigeandála, chun dul i ngleic le fíor-dhrochaimsir agus le tuilte, sa Lárionad Comhordaithe Cásanna Éigeandála Náisiúnta ar an 3ú Nollaig, 2015. Bhí cruinnithe ag an ngrúpa chóir a bheith gach lá suas go dtí an 13ú Eanáir, 2016. Tá GBRÁ agus CLBCC ina mball den ghrúpa seo.

POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE

Thángthas ar chomhaontú idir GBRÁ, RCPRÁ, SIPTU agus IMPACT maidir le Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Feidhmithe don tSeirbhís Dóiteáin a bhunú.

TITHÍOCHT

Chuidigh an GBRÁ le HUB, a bhíonn faoi stiúir Chomhairle Chathair agus Chontae Luimní, ó thaobh na riachtanas TFC de agus an tseirbhís á seachadadh do na húdaráis go léir a bhíonn ag baint úsáide as an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT/*HAP*).

BÓITHRE

Faoi dheireadh 2015, bhí suirbhéireacht déanta ar fhad 70,000 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla (as fad thart ar 93,000 km) maidir le dálaí físiúla a rátáil le hAip Mhóibíleach MapRoad.

LEABHARLANNA

Bhí comhdháil idirnáisiúnta faoin gceart chun léamh, 'Right to Read', ar siúl ar an 23ú Meán Fómhair, 2015. Ba í Banphrionsa Laurentien na hÍsiltíre, Toscaire Speisialta UNESCO maidir leis an Litearthacht ar son na Forbartha, an príomhchainteoir.

CBRF

Bhuaigh CBRF an gradam tionscnaimh 'Barrfheabhas trí Chomhoibriú' ag na Gradaim Bharrfheabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís.

SOLÁTHAR

Sheol an Lárionad Rialtais Áitiúil um Sholáthar Straitéiseach an Suíomh Eislín Soláthair. Cuirtear eolas riachtanach ar fáil ar an suíomh seo faoi dhlíthe, bheartais agus chreata soláthair a bhaineann le hÚdaráis Áitiúla.

BAINISTIÚ FIACHAIS

Rinne an earnáil Rialtais Áitiúil dul chun cinn nach beag ó thaobh Bainistiú Fiachais a fheabhsú. Laghdaíodh riaráistí i rátaí tráchtála €56 milliún.

HPS

Tá obair an Lárionad Comhsheirbhísí á comhordú ag GBRÁ agus ag an Rannóg Aoisliúntais in RCPRÁ d'fhonn sainoiliúint a chur ar fáil d'fhoireann GBRÁ.

COMHPHÁROLLA

Bhí an comhphárolla curtha i bhfeidhm ag 20 Údarás Áitiúil faoi dheireadh 2015.

ÁR nUISCE A CHOSAINT

In 2015, rinneadh 3,624 clárúchán san iomlán a phróiseáil agus fuarthas ioncam €179,670. Tá 456,359 córas cóireála cláraithe ó bhí 2012 ann, agus tá ioncam €9,468,880 san iomlán faighte.

ATHCHÓIRIÚ GBRÁ

In 2015, chuir an Ghníomhaireacht lena cuid dualgas trí dhá ghné a chur leo: Oifig Bainistíochta na gClár (OBC) agus an Oifig um Aistriú Seirbhísí Uisce (OASU). I mí Mheán Fómhair 2015, d'fhaomh an Bord Fís agus Misean úr don Ghníomhaireacht, mar aon le Croí-luachanna eagraíochtúla a bheidh fite in obair uile GBRÁ. Tá na dualgais nua agus athrú eagraíochtúil eile a rinneadh ar na mallaibh san áireamh san Fhís, sa Mhisean agus sna Luachanna. Lena chois sin, faomhadh cuspóirí nua straitéiseacha agus struchtúr nua eagraíochtúil chun tacú le seachadadh na seirbhísí príomhúla a bhíonn ag teastáil ón earnáil.

Fís, Misean, Luachanna

Chomh maith leis an méid thuas, ghlac GBRÁ chuige féin Fís agus Misean úr don Ghníomhaireacht agus comhaontaíodh cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil do GBRÁ.

Is é seo a leanas an Fhís do GBRÁ:

"I gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla, beidh GBRÁ mar chomhionad barrfheabhais ó thaobh ceannasaíocht a thabhairt i dtaca le cuir chuige earnála i leith fhorbairt agus leathnú seirbhísí poiblí eiseamláracha ag leibhéal áitiúil."

Leis an bhfís sin a fhíorú, is é seo a leanas Misean GBRÁ sna trí bliana atá romhainn:

"Gníomhaíochtaí a dhíriú ar eispéireas den scoth a thabhairt d'Údaráis Áitiúla mar chustaiméirí, agus tús áite á thabhairt d'fhorbairt agus do chur chun cinn beartas, córas agus cur chuige earnála den chéad scoth i leith na ndúshlán gnó atá roimh Údaráis Áitiúla."

Mar bhunchloch an chur chuige nua seo, tá croí-luachanna eagraíochtúla i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí GBRÁ agus an caidreamh le custaiméirí, le páirtnéirí agus le páirtithe leasmhara a threorú.

Díríthe ar an Rialtas Áitiúil *Tá an Rialtas Áitiúil ag croílár na hoibre go léir a dhéanaimid*	**Tús Áite ag an gCustaiméir** *Aithnímid an custaiméir i ngach rud a dhéanaimid*
Straitéiseach *Smaoinímid ar an bpictiúr mór*	**Cuntasach** *Táimid freagrach as a ndéanaimid*
Comhobair *Cuirimid éiteas na comhoibre chun cinn*	**Gairmiúlacht** *Spreagaimid ár n-oibrithe, forbraímid iad agus tá ardmheas againn orthu*

Cuspóirí Straitéiseacha Ardleibhéil

Agus Misean GBRÁ á chomhlíonadh, is é aidhm na Gníomhaireachta le haghaidh na hearnála rialtais áitiúil réimse seirbhísí tacaíochta a sholáthar, a éascú agus a chomhordú, seirbhísí ar fóirsteanaí agus ar éifeachtaí iad a sheachadadh ag leibhéal náisiúnta. Is é príomhchuspóir GBRÁ a bheith mar chomhstór a sholáthraíonn taighde agus saineolas don earnáil Rialtais Áitiúil, agus é sin a dhéanamh de réir an chleachtais is fearr. Ón taobh sin de, is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta:

1. Taighde a dhéanamh ar bheartais dea-chleachtais agus ar chórais luacha agus iad a chur chun cinn ar fud na hearnála Rialtais Áitiúil.
2. Comhairle, cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla maidir le cuir chuige earnála i leith gníomhaíochtaí gnó a bhaineann leo.
3. Freagairt na hearnála ar athchóiriú an Rialtais Áitiúil a fhorbairt agus a chomhordú.
4. Ionadaíocht a dhéanamh ar an earnáil Údaráis Áitiúil maidir le saincheisteanna náisiúnta nuair is gá.
5. Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil de réir mar a bhíonn siad ag teastáil ó Chumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CLBCC) maidir le hanailís ar bheartais, taighde agus riarachán.
6. Éachtaí comhchoiteanna na hearnála Rialtais Áitiúil a chur chun cinn agus a chur in iúl.
7. Tacú le forbairt cumas ceannasaíochta agus eagraíochtúil san earnáil.
8. Dea-rialachas agus an leibhéal is airde seirbhísí Inmheánacha agus Corporáideacha a chur chun cinn chun tacú le riachtanais ghnó.

Struchtúr Eagraíochtúil

Leis an gcur chuige nua don Ghníomhaireacht a chur i bhfeidhm, moladh struchtúr cúig cholún agus fócas ar na nithe seo a leanas: an gá le teagmháil i bhfad níos dlúithe le húdaráis áitiúla; ceangal i bhfad níos dlúithe idir na colúin éagsúla; éiteas a dhíríonn ar chustaiméirí agus ar thiomantas dóibh; seirbhísí iomlánacha a chur ar fáil don Bhord, do CLBCC agus do na coistí gaolmhara; ról ceannasach a ghlacadh ó thaobh taighde a dhéanamh ar threochtaí earnála agus úsáid a bhaint as an taighde sin le tionchar a imirt ar



bheartais; agus toradh na seirbhísí a uasmhéadú do gach scairshealbhóir trí ghníomhaíochtaí a dhíriú ar riachtanais trasearnála.

Rannóg an Bheartais Rannpháirtíochta Fostaithe

Bhí moladh ann Rannóg nua um Beartas Rannpháirtíochta Fostaithe a bhunú a mbeadh sé mar dhualgas uirthi tionchar a imirt ar straitéisí, iad a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt maidir leo d'fhonn dul i ngleic le treochtaí rialála i gcúrsaí Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch; dualgas eile a bheadh uirthi ná coimhlint san earnáil a réiteach. Beidh béim níos mó ag an rannóg seo ar Chaidreamh Tionsclaíoch, beidh ról ceannasach aici, agus is ise a bheidh mar an príomhghuth bainistíochta maidir le saincheisteanna trasearnála a bhaineann le grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar fhoirne rialtais áitiúil. Chomh maith leis sin, tabharfaidh an rannóg comhairle don earnáil agus socróidh sé cuir chuige earnála i leith Acmhainní Daonna, oiliúna agus forbartha, agus ceisteanna comhlíontachta.

An Rannóg Taighde agus Nuálaíochta

Táthar ag moladh Rannóg Taighde agus Nuálaíochta a bhunú a bheidh freagrach as taighde a dhéanamh ar riachtanais earnála sa todhchaí agus as deiseanna nualáíochta a lorg san earnáil. Beidh an rannóg seo freagrach as cuir chuige a chomhordú maidir le táscairí feidhmíochta earnála a thomhas agus as an scéala faoi éachtaí earnála a chraobhscaoileadh. Lena chois sin, cuirfidh sí comhairle TFC ar fáil d'Údaráis Áitiúla lena chinntiú go mbíonn forbairtí TFC ag teacht leis an gcleachtas is fearr agus le tionscnaimh earnála. Cuirfidh an rannóg seo seirbhísí ar fáil freisin de réir mar a éileoidh CLBCC agus Feidhmeannas CLBCC iad.

Rannóg Bainistíochta na gClár

Beidh Rannóg Bainistíochta na gClár freagrach as comhairle a chur ar fáil don earnáil faoi riachtanais ghinearálta ghnó na hearnála rialtais áitiúil. Go sonrach, oibreoidh an rannóg seo le coistí gnó CLBCC le cuir chuige earnála a bhunú i leith na ndúshlán gnó atá roimh an earnáil, go háirithe ó thaobh tithíochta, pleanála, bóithre, an chomhshaoil, an phobail agus forbairt geilleagair áitiúil srl de. Beidh Forbairt na Leabharlann mar chuid den rannóg seo; oibreoidh sí i gcomhar le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil le seirbhísí leabharlainne poiblí in Éirinn a fhorbairt. Beidh sé de dhualgas ar an rannóg seo freisin an t-athbhreithniú ag piaraí ar chásanna gnó le haghaidh athruithe san earnála a fhorbairt agus a eagrú de réir mar a bheidh gá lena leithéid.

Rannóg na hOifige um Aistriú Seirbhísí Uisce (OASU)

Beidh an Rannóg OASU freagrach as guth aontaithe a chur ar fáil chun comhaontú ar fud na hearnála a fhad agus a bheidh an Comhaontú Seirbhíse (CS) um Uisce Éireann i bhfeidhm a chur chun cinn agus as guth aontaithe a chur ar fáil i gcomhthéacs an togra athraithe uileghabhálaigh i dtaca le Creat Oibríochta an Tionscail Uisce.

Rannóg Athchóirithe agus Forbartha na Gníomhaireachta

Beidh Rannóg Athchóirithe agus Forbartha na Gníomhaireachta i gceannas ar athruithe a chur i bhfeidhm i gcultúr, i struchtúir agus i gcleachtais na Gníomhaireachta d'fhonn GBRÁ aontaithe a bhaint amach atá dírithe ar sheirbhísí straitéiseacha ardchaighdeáin a chur ar fáil do chustaiméirí Údaráis Áitiúil. Ceapfaidh an rannóg seo treoirlínte maidir leis an gcleachtas is fearr i bhforbairt eagraíochtúil a mbainfear úsáid astu i gcásanna comhchosúla ar fud na hearnála. Chomh maith leis sin, beidh an rannóg seo freagrach as na nithe seo a leanas: feidhmeanna na seirbhísí corparáideacha, rialachas, Acmhainní Daonna inmheánacha, oiliúint agus forbairt inmheánach, agus seirbhísí inmheánacha airgeadais don Ghníomhaireacht.

Seirbhísí Faisnéise Teicneolaíochta – Cur Chuige Nua

De bhun an chinnidh gur chóir don Ghníomhaireacht deireadh a chur lena bheith ag plé le TFC oibríochtúil, cuireadh tús in 2015 le cur chuige pleanáilte i leith deireadh a chur le seirbhísí, le tacaíocht agus le seachfhoinsiú táirgí.

Bhain an chéad chéim le taifead a dhéanamh de na réitigh éagsúla Rialtais Áitiúil in GBRÁ, staitisticí a bhailiú faoina n-úsáid, agus obair le roinnt soláthróirí san earnáil phríobháideach le cur síos ar straitéisí féideartha tacaíochta agus imeachta.

Nuair a bhí an chéim sin thart, sonraíodh gach táirge agus seirbhís de chuid GBRÁ i bplean togra; bhí amlínte agus straitéisí féideartha imeachta san áireamh. Cuireadh na córais i gcatagóirí freisin – Réitigh Bogearraí Oidhreachta, Réitigh Óstáilte agus Tacaíocht Deisce – agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Bhoird.

D'fhaomh an Bord an cur chuige seo agus moladh go ndéanfadh GBRÁ roinnt cleachtaí margaidh in 2016 le heolas a iarraidh sna catagóirí éagsúla. Leis na hiarratais seo faoi choinne eolais, bheadh GBRÁ in ann tuiscint a fháil ar na cúrsaí seo a leanas: na straitéisí éagsúla imeachta, conas comhpháirtíochtaí a bhunú, conas tairscintí féideartha a mhúnlú, agus ansin dícheall cuí a dhéanamh i dtaca le soláthróirí ionchasacha earraí agus seirbhísí. Rinne an Bord cinneadh freisin deireadh a chur le hóstáil suíomhanna gréasáin. Sa tionscal TFC atá i mbun fáis, tá rochtain níos fearr ag an earnáil phríobháideach ar acmhainní leis na cineálacha seirbhísí óstála a bhíonn á lorg ag na forais sheachtracha san earnáil phoiblí leathan a chur ar fáil. Is mó an cumas agus an acmhainneacht atá acu freisin na súilíochtaí méadaitheacha sa Rialtas Áitiúil maidir le Comhsheirbhísí a bhainistiú.

Comhsheirbhísí TFC

Leanfaidh GBRÁ léi ag cur Comhsheirbhísí ar fáil d'Infreastruchtúr Párolla CORE, a bheidh á bhainistiú ag comhpháirtí oiriúnach; beidh córais do gach Údarás Áitiúil tacaithe ag RCPRÁ, ina measc Rialú Foirgníochta, CheckTheRegister agus ríomhthuairisceáin, á mbainistiú ag díoltóirí. Déanfar córais GBRÁ a mheasúnú maidir lena n-oiriúnacht mar chomhsheirbhís agus mar chórais a bhféadfaí iad a sheachfhoinsiú agus a bhainistiú; déanfar an measúnú leis an méadracht chuí nó de réir na maise criticiúla maidir le húdaráis.

CIONROINNT TÁILLÍ – ATHBHREITHNIÚ

Bhunaigh Bord na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) fochoiste le cathaoirleach neamhspleách i mí na Nollag 2014 d'fhonn samhail nua cionroinnte a mholadh chun ranníocaíochtaí airgeadais údarás áitiúil isteach i mbuiséad bliantúil GBRÁ a rialú. Sonraíodh sna Téarmaí Tagartha gurbh é príomhsprioc an togra seo meicníocht oiriúnach, chothromasach maoinithe agus muirearaithe a shonrú chun caiteachas na Gníomhaireachta a chlúdach. Rinneadh machnamh domhain ar na freagairtí a fuarthas, agus ansin d'aontaigh an fochoiste d'aon ghuth samhail cionroinnte bunaithe ar an daonra a chur chun cinn agus í a chur i bhfeidhm go hiomlán thar thréimhse trí bliana.

FREAGAIRT AR THUILTE

Is dócha gurbh é an fhreagairt is mó b'éigean don Ghníomhaireacht a dhéanamh in 2015 ná cúnamh agus tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla maidir lena bhfreagairt siúd ar ghéarchéim na dtuilte ag deireadh 2015. Tá GBRÁ agus CLBCC ina mbaill den Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe do chásanna mór-éigeandála, de réir mar atá leagtha amach in 'Creat um Chásanna Mór-Éigeandála a Bhainistiú' (*A Framework for Major Emergency Management*). Tháinig an grúpa le chéile sa Lárionad Náisiúnta Comhordaithe Cásanna Éigeandála chóir a bheith gach lá idir an 3ú Nollaig, 2015 agus an 13ú Eanáir, 2016 chun dul i ngleic le drochaimsir agus tuilte. Bhí Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (mar Chathaoirleach ar an gCoiste Pleanála um Chásanna Éigeandála mar gheall ar Athrú na hAeráide, coiste de chuid CLBCC) agus ionadaí de chuid GBRÁ i gcónaí i láthair. Bhí sé seo ríthábhachtach lena chinntiú go ndearnadh tuairisciú ar na dálaí uile áitiúla agus gur aithníodh na gníomhaíochtaí freagartha. Ba é príomhchuspóir na gcruinnithe laethúla seo leibhéal na bagartha a mheasúnú, bunaithe ar réamhaisnéis na haimsire, agus eolas a chomhroinnt faoi leibhéal na n-aibhneacha agus na réamhaisnéisí i dtaca le tuilte le gach foras, na húdaráis áitiúla go háirithe.

Tramore, Co. Waterford

Soláthraíodh tuarascálacha sonraithe ó thaobh na n-údarás áitiúil de ag gach cruinniú agus pléadh saincheisteanna freisin a bhí ag teacht chun cinn ar ghá do na húdaráis áitiúla déileáil leo ina ról mar nc ceannghníomhaireachtaí freagartha. Bhí eolas á thabhairt i 'bhfíoram' sna tuarascálacha laethúla seo faoi na dálaí aimsire, agus luaíodh iad sa chéim luachála i ndiaidh na dtuilte mar ghné fíorthábhachtach i bhfreagairt aontaithe, chumasach ar na tuilte. Bhí na preasócáidí a bhí ann i ndiaidh gach cruinniú laethúil iontach tábhachtach leis an bpobal a chur ar a suaimhneas agus, chomh maith leis sin, bhí tábhacht leis an bhfaisnéis shonrach áitiúil. In ainneoin na ndálaí dúshlánacha ar an talamh, lean beagnach gach údarás áitiúil leis ag cur an eolais is deireanaí, agus é iontach sonraithe, ar fáil do GBRÁ gach maidin.

Sandbags

Meastar go bhfuair, agus gur fhreagair, na húdaráis áitiúla thart ar 20,000 glaoch ag iarraidh cúnaimh i ndiaidh thús mhí na Nollag. D'aistrigh thart ar 550 teaghlach amach as a dtithe. Aithníodh freisin gur mhó i bhfad líon na dtithe agus na n-áiteanna gnó a bheadh scriosta ag na tuilte murach an iarracht ollmhór chomhordaithe. D'obair foirne na n-údarás áitiúil sna ceantair is measa as gan stad gan staonadh le pobail, infreastruchtúr, maoin agus áiteanna gnó sna ceantair sin a chosaint. Bhí suas le 3,000 comhalta foirne agus foirne tacaíochta ó na hÚdaráis Áitiúla páirteach sa fhreagairt ar na tuilte ar fud na tíre nuair ba mheasa ar fad iad um Nollaig. Aithníodh ról na n-údarás áitiúil i bhfíorú scéim cúnaimh dhaonnúil na Croise Deirge (rud a comhordaíodh trí GBRÁ) ó thaobh gnónna/an phobail agus grupaí spóirt de. Moladh a n-iarrachtaí.

AG TACÚ LEIS AN RIALTAS ÁITIÚIL
OIFIG BAINISTÍOCHTA NA gCLÁR (OBC)

Ó bunaíodh é i mí Eanáir 2012, tá ról tábhachtach á imirt ag Oifig Bainistíochta na gClár (OBC) maidir leis an gclár athchóirithe rialtais áitiúil a chur chun cinn agus tacú leis an earnáil sna hiarrachtaí obair ar dhóigh níos éifeachtaí. In 2015, comhtháthaíodh OBC le GBRÁ agus chuaigh trí (3) chomhsheirbhís a bhí beartaithe ar aghaidh ó chéim an cháis ghnó, go céim na measúnaithe, go céim an athbhreithnithe ag piaraí, ar aghaidh go dtí an chéim inar fhaomh an Ghrúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí iad. Is iad seo a leanas na trí sheirbhís sin:

- Forfheidhmiú um Dhramhaíl
- An Chreat-Treoir Uisce
- Voter.ie.

Forfheidhmiú um Dhramhaíl

I ndiaidh gur foilsíodh Beartas an Rialtais um Bainistiú Dramhaíola, 'A Resource Opportunity in 2013', bhunaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) grúpa le hathbhreithniú a dhéanamh trí na struchtúir reatha forfheidhmithe a imscrúdú, na láidreachtaí agus na laigí a bhí ann a aithint, agus moltaí a dhéanamh don todhchaí. Bhí Cás Gnó ann inar pléadh na socruithe reatha forfheidhmithe i dtaca le dramhaíl. Aithníodh freisin na riachtanais maidir le hathrú a dhéanamh, agus moladh na struchtúir b'fhearr leis na torthaí is fearr a bhaint amach, agus chun tacú leo, ó thaobh forfheidhmiú ag na húdaráis áitiúla maidir le dramhaíl.

Rinneadh athbhreithniú piaraí ar an gcás gnó agus bhí tairiscintí agus measúnú ann. As sin, roghnaíodh na Comhairlí seo a leanas mar na Ceann-Údaráis Áitiúla Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú i dtaca le Dramhaíl:

- Réigiún an Deiscirt: Comhairle Contae Chorcaí
- Réigiún Lár Tíre Thoir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Réigiún Chonnacht-Uladh: Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Liatroma

Beidh na ceann-údaráis réigiúnacha freagrach as gníomhaíochtaí forfheidhmithe a chomhordú sna réigiúin chuí, as tosaíochtaí agus comhchuspóirí maidir le forfheidhmiú um dhramhaíl a bhunú, agus as comhleanúnachas sna cuir chuige a chinntiú ar bhonn réigiúnach. Is comhaltaí foirne de chuid na n-údarás áitiúil a bheidh go fóill mar chéad fhreagróirí ar an talamh maidir le sáruithe ar leith. Mar gheall ar an samhail réigiúnach, beidh cur chuige comhtháite náisiúnta ann i leith fhorfheidhmiú an bheartais dramhaíola, forbrófar líonra láidir forfheidhmithe, déanfar eolas agus saineolas a chomhroinnt idir gnónna agus an pobal, agus beidh leibhéal níos airde comhlíontachta ann maidir le hoibleagáidí dramhaíola. Fágfaidh sé sin go mbeidh costais an Stáit go suntasach níos lú.

Tá foireann an togra ag moladh Ceann-Údarás Forfheidhmithe a bhunú i ngach ceann de na réigiúin phleanála bainistiú dramhaíola. Bheadh gach ceann de na Ceann-Údaráis nua Réigiúnacha Forfheidhmithe um Dramhaíl freagrach as gníomhaíochtaí forfheidhmithe i dtaca le dramhaíl a chomhordú sna réigiúin, as tosaíochtaí agus comhchuspóirí i dtaca le forfheidhmiú ó thaobh dramhaíola de a bhunú, agus as comhleanúnachas a chinntiú i dtaca le forfheidhmiú reachtaíocht dramhaíola sna trí réigiún pleanála bainistiú dramhaíola atá ann cheana féin. Bheadh na foirne údaráis áitiúil go fóill mar chéad fhreagróirí ar an talamh i dtaca le sáruithe ar leith ar reachtaíocht dramhaíola.

AN CHREAT-TREOIR UISCE

Is creat uileghabhálach é Treoir Uisce 2000 an AE maidir le treoracha i réimse an uisce. Féachann sé le huiscí nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú, aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce cósta agus idir-uisce san áireamh.

I mí Iúil 2014, d'eisigh an RCPRÁ Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2014 (Beartas Uisce), a thug éifeacht don chreat rialaithe trí (3) shraith agus a leag dualgais nua ar údaráis áitiúla maidir le bainistiú an dobharcheantair agus rannpháirtíocht an phobail i ngnéithe den Chreat-Treoir Uisce a chomhordú.

Waterford Water Tower

Le rialacháin 2014, leagadh freagracht ar na húdaráis áitiúla as comhordú réigiúnach, as rannpháirtíocht an phobail, agus as tacaíocht a thabhairt don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus don Aire i dtaca le Pleananna Bainistíochta Abhantrach agus Cláir Beart a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Forálann na rialacháin do bhunú Oifigí Réigiúnacha na Creat-Treorach Uisce chun na dualgais seo a chomhlíonadh.

OIFIG NÁISIÚNTA NA CREAT-TREORACH UISCE

D'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly, T.D., gur ceapadh Cuibhreannas Chill Chainnigh/Thiobraid Árann mar an ceann-údarás/na ceann-údaráis leis an Oifig Náisiúnta Rialtais Áitiúil um an Creat-Treoir Uisce a bhunú agus a bhainistiú. Rinneadh an fhógairt ag Comhdháil Náisiúnta Uisce na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 'Ag Obair le Chéile ón bhFoinse go dtí an Fharraige', a bhí ar siúl i nGaillimh ar an 17ú Meitheamh, 2015.

Mhol an tAire Kelly na húdaráis áitiúla go léir a chuir tairiscint isteach faoi choinne an róil. Ar sé, "Dúradh liom go bhfuil siad (an Bord Measúnaithe) thar a bheith sásta le hardchaighdeán na n-iarratas agus na gcur i láthair. Ábhar misnigh é, gan amhras, díograis na hearnála údaráis áitiúil dul i mbun oibre sa réimse seo."

Rinneadh fógairt an Aire sna sála ar phróiseas cuimsitheach bainistiú clár, éascaithe ag Oifig Bainistíochta na gClár, a chuimsigh na céimeanna seo a leanas:

- Forbairt cás gnó don Oifig Náisiúnta Creat-Treoir Uisce ag foireann togra agus ag bord togra
- Athbhreithniú ag piaraí ar an gCás Gnó ag Grúpa um Athbhreithniú Piaraí
- Daingniú an cháis ghnó ag athbhreithniú déanta ag piaraí air ag an nGrúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí (GMAEP)
- Léirithe spéise a eisiúint do gach údarás áitiúil ag iarraidh orthu tairiscint a chur isteach chun an Oifig Náisiúnta a bhunú agus a bhainistiú
- Tairiscintí sonraithe a bheith curtha isteach acu siúd ar spéis leo déanamh amhlaidh
- Athbhreithniú dian, córasach ar gach tairiscint ag Bord Measúnaithe.

Le bunú Oifig Náisiúnta Údaráis Áitiúil um an Creat-Treoir Uisce, beidh údaráis áitiúla in ann na freagrachtaí reachtúla atá orthu, ach nach bhfuil á gcomhlíonadh faoi láthair, a chomhlíonadh. Deis a bheidh ann d'údaráis áitiúla aghaidh a thabhairt arís ar chomhordú na Creat-Treorach Uisce a leagadh síos sa chéad dul síos i rialacháin 2003, agus é sin a chomhtháthú lena róil mhéadaitheacha reachtúla ó thaobh tacú le forbairt pobail agus fiontair áitiúla de. Le bunú na hOifige, beidh tacaíocht ann d'údaráis áitiúla chomh fada agus

a bhaineann sé le comhlíonadh a bhfreagrachtaí seanbhunaithe reachtúla maidir le cosaint uisce agus rialú truaillithe.

Bantry Bay Sewage Scheme

VOTER.IE

Cuireann Voter.ie deis ar fáil don earnáil Údaráis Áitiúil leibhéal feabhsaithe seirbhíse a sholáthar don phobal agus próisis chúloifige a shruthlíniú. Is é cuspóir leis an gcás gnó samhail ghnó a aithint leis an úsáid is fearr a bhaint as an gcóras nuafhorbartha Voter.ie. Molann an Fhoireann Togra comhsheirbhís náisiúnta Clár Toghthóirí a bhunú agus údarás áitiúil amháin a bheith freagrach as í a oibriú agus a bhainistiú ar son na hearnála.

D'éascaigh GBRÁ/OBC bunú an Choiste um Athbhreithniú ag Piaraí maidir le Cás Gnó Voter.ie.

Tuarascáil ar GBRÁ, CNMI agus Tháscairí Feidhmíochta

Le bunú an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) in 2014, d'aistrigh an earnáil ó bheith ag tomhas agus ag déanamh tuairiscí faoi tháscairí seirbhíse go bheith ag déanamh tuairiscí ar thacar táscairí feidhmíochta, le béim ar fheidhmíocht airgeadais agus ar sheirbhís do chustaiméirí.

Ar son na hearnála, d'obair GBRÁ le CNMI leis na 35 táscaire feidhmíochta a shocrú agus a leagan síos. D'fhorbair an Ghníomhaireacht treoirlínte i gcomhar le RCPRÁ a bheidh ag teastáil ó údaráis áitiúla chun sonraí a bhailiú le chéile, agus thug sí tacaíocht do na húdaráis áitiúla na sonraí a chur isteach agus a fhíorú. Bhí anailís agus tuarascáil GBRÁ ar thorthaí na dtáscairí feidhmíochta in údaráis áitiúla san áireamh sa Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta a d'fhoilsigh CNMI i mí na Nollag, 2015.

TITHÍOCHT

An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Is é príomhchuspóir na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT / *HAP*) aistriú daoine atá ag fáil liúntas cíosa go fadtéarmach agus aistriú daoine a bhfuil gá fadtéarmach acu le tithíocht go córas ÍCT a éascú d'fhonn na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- seirbhís níos comhtháite agus níos sruthlínithe a chur ar fáil do theaghlaigh a bhíonn ar lorg tacaíochta ón Stát, agus níos mó solúbthachta a thabhairt d'údaráis áitiúla cúnamh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta de dhíth orthu;
- baint constaicí ar an mbealach isteach san fhostaíocht a éascú maidir le daoine a bhíonn ag brath ar an Liúntas Cíosa faoi choinne a riachtanas fadtéarmach tithíochta, trí chóras céimnitheach, difreálaithe cíosa;
- chomh fada agus is féidir, ÍCT a chur ar fáil de réir srianta socraithe airgeadais d'fhonn an costas don Státchiste a ísliú.

Tá ionadaithe ag GBRÁ ar Ghrúpa Maoirseachta ÍCT, ar Bhord Tograí ÍCT agus ar an bhFochoiste TFC, agus sa Ghrúpa Cumarsáide. Thug GBRÁ cuidiú do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimní (a bhfuil sé mar dhualgas orthu próiseáil lárnach a dhéanamh ar idirbhearta ar son na n-údarás) maidir lena riachtanais TFC agus an tseirbhís á cur ar fáil do na húdaráis uile a mbíonn ÍCT in úsáid acu.

In 2015, bhí 21 údarás agus Feidhmeannas Réigiúnach Bhaile Átha Cliath um Dhaoine Gan Dídean ag baint úsáide as an gcóras. Ag deireadh 2015, bhí 5,853 tionóntacht ar an gcóras. Leanfar le socrú na n-údarás eile in 2016.

An Biúró um ÁCPN

Cuireann GBRÁ seirbhís bhiúró ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun cúnamh a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh an muirear a ghearrtar orthu siúd a bhfuil Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ÁCPN) acu a íoc. Bhí muirear bliantúil ÁCPN €200 i bhfeidhm ó 2009 go 2013 agus is féidir é a íoc ar líne nó tríd an bhfoirm pháipéir chuí a chomhlánú. Ó tugadh an muirear isteach, tá €514,202,575 bailithe; bailíodh €38,604,545 de sin in 2015.

AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA RIALÚ FOIRGNÍOCHTA (CBRF)

https://www.localgov.ie/en/link-type/bcms

Is éard atá i gceist le BCRF ná freagairt earnála ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus ag Údaráis Áitiúla maidir le maoirseacht a dhéanamh ar thosú tógála in Éirinn. Éascaíonn an Córas cur i bhfeidhm an Rialacháin Leasaithe um Rialú Foirgníochta, na ngealltanas atá leagtha amach in 'Construction 2020, Action Plan for Jobs', agus an Chláir Rialtais. Cuirtear CBRF caighdeánaithe, comhtháite ar líne ar fáil d'Úinéirí, do Thógálaithe, do Dhearthóirí agus do Rialálaithe agus feidhmítear é mar chomhsheirbhís ó thaobh daoine, córas agus próiseas de d'fhonn cosc a chur ar fhoirgnimh dhrochthógtha sa todhchaí agus chun tógálaithe agus dearthóirí bradacha a aimsiú thar theorainneacha Contae.

Comhoibriú maidir le Dearadh Córas

Tá cur chuige comhoibríoch de dhíth i leith dearadh an chórais sa dóigh go gcuirfear ar fáil córas rathúil a fhreastalóidh ar riachtanais custaiméirí agus a nglacfaidh lucht an tionscail leis. Maidir le maoirseacht an togra, tá na páirtithe leasmhara uile, rialóirí, an rialtas, lucht an tionscal tógála, úinéirí agus gairmigh páirteach ann. Ina measc tá ionadaithe ó GBRÁ agus ó RCPRÁ, Oifigigh Rialú Foirgníochta, Oifigigh Dhóiteáin, agus ionadaithe ó Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, Innealtóirí Éireann, Cumann Shuirbhéirí Cairte na hÉireann, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus Institiúid Rialú Foirgníochta na hÉireann. Tá na hionadaithe seo freagrach do CLBCC/GBRÁ agus GMAEP. Cé go bhfuil an córas deartha go sainiúil leis na Rialacháin nua Rialú Foirgníochta a chomhlíonadh, tá sé solúbtha go leor freisin gur féidir é a leasú go réidh le freastal ar athruithe ionchasacha sa todhchaí sna rialacháin nó i bpróisis ghnó. Le linn 2015, leasaíodh é le bheith ag teacht le Rialacháin Leasaithe um Rialú



Foirgníochta, I.R. 365 de 2015. Fágann an leasú seo nach gcaithfidh úinéirí dul tríd an bpróiseas reachtúil deimhnithe agus cuireann sé deireadh leis an díolúine ó Rialacháin Rialú Foirgníochta i gcás foirgnimh Stáit agus Forais Tithíochta Údarás Áitiúil.

Anailís Staitisticiúil

Tá CBRF i ndiaidh glacadh le ról chun anailisiú staitisticiúil a dhéanamh i dtaca le tuairisceáin tithíochta a chuirtear chuig RCPRÁ. Sular tugadh an córas uathoibríoch isteach trí CBRF, is iomaí léirthuiscint a bhí á mbaint as riachtanais RCPRÁ, agus bhí difríochtaí caolchúiseacha eatarthu go léir. Is féidir le CBRF sonraí a ghiniúint anois ó thacar aonair sonraí i bhfíoram, rud a chiallaíonn nach mbíonn earráidí ann mar gheall ar léirthuiscint ar leith ag duine ar leith.

Staitisticí Tábhachtacha – 2015

- Tá 93% de na hidirbhearta le hÚdaráis Rialú Foirgníochta ar líne anois;
- Tá 39,150 úsáideoir cláraithe leis an gcóras.

Staitisticí 2015	
Curtha isteach chuig CBRF	**Líon**
Fógraí Tosaithe Curtha Isteach go Náisiúnta	9,580
Fógraí Tosaithe faoi Áiteanna Nua Cónaithe	3,667
Líon na nÁiteanna Nua Cónaithe atá san áireamh sna fógraí thuas	5,087
Fógraí Tosaithe maidir le Síneadh ar Áiteanna Cónaithe	3,007
Fógraí Tosaithe maidir le Foirgnimh ina bhfuil árasán	83
Fógraí Tosaithe maidir le Foirgnimh Nua eile (Oifigí, Siopaí, Tionsclaíoch, Áiteanna Tionóil srl)	550
Fógraí Tosaithe maidir le Síneadh ar Fhoirgnimh Nua eile (Oifigí, Siopaí, Tionsclaíoch, Áiteanna Tionóil srl)	573
Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú na hoibre	2,235
Líon na nDoiciméad Comhlíontachta curtha isteach chuig CBRF	1,742

In 2015, bhuaigh CBRF an gradam tionscnaimh ***'Barrfheabhas trí Chomhoibriú'*** ag Gradaim na Státseirbhíse um Barrfheabhas agus Nuálaíocht. I mí Eanáir 2016, bhuaigh CBRF gradam sa Chatagóir ***'Foinse Oscailte'*** ag na Gradaim Ríomh-Rialtais.

BÓITHRE

Córas Bainistíochta Cosán (CBC) MapRoad

Tógann an córas seo ar fhorbairt Aipeanna Móibíleacha MapRoad, ina measc aipeanna faoi choinne na nithe seo a leanas:

- Rátáil dálaí na mbóithre a thaifeadadh;
- Cuaillí comharthaí luasteorann (de réir na moltaí in athbhreithniú 2014 ar Luasteorainneacha) agus
- Forbairt chun an próiseas um iarratais ar dheontais faoi choinne cothabháil bóithre agus tograí athchóirithe a éascú

Tá thart ar 93,000 km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla in Éirinn. Faoi dheireadh 2015, bhí suirbhéireacht déanta ar fhad 70,000 km den líonra sin maidir le rátáil dálaí físiúla agus an Aip Mhoibíleach MapRoad in úsáid.

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú ar fáil faoi choinne oibreacha caipitil agus cothabhála ar an líonra de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla. Déantar taifead de na hoibreacha sin i gCóras Bainistíochta Cosán MapRoad. Seo a leanas líon na scéimeanna a taifeadadh in 2015:

1. Feabhsú Obair Athchóirithe 2,857
2. Cothabháil Obair Athchóirithe 1,861
3. Páirtíocht an Phobail 79
4. Oibreacha Roghnacha 199

Breis agus €168m an caiteachas iomlán ar na hoibreacha seo in 2015, faoi mar atá taifeadta in CBC MapRoad. Is ionann é sin agus fad 4,600 km agus tuilleadh de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothú nó a fheabhsú in 2015.

Tá aip forbartha freisin leis na hoibreacha a thaifeadadh de réir mar atá siad á ndéanamh.

Luasteorainneacha
Ó tugadh isteach an Comhartha nua Luasteorann Tuaithe 80km/uair ar bhóithre treasacha áitiúla aon lána, tá úsáid bainte as Aip Luasteorann MapRoad leis na suíomhanna ina bhfuil siad a thaifeadadh. Go dtí seo, tá 2,000 acu taifeadta; tá breis agus 21,000 comhartha luasteorann taifeadta sa chóras san iomlán.

Ceadúnú Oibreacha Bóithre
Cuireadh an córas i bhfeidhm in 27 Údarás Áitiúil, agus tabharfar an chuid eile isteach de réir mar a chríochnófar próisis eile lárnaithe agus feabhsuithe ar bhogearraí in 2016.
Tá an córas in úsáid ag na mór-oibritheoirí teileachumarsáide go léir, ag Líonraí Gáis Éireann agus ag Líonraí BSL freisin.

Tugann an Oifig Bainistíochta Bóithre tacaíocht maidir leis an gcóras bogearraí; eisíonn sí treoirlínte athbhreithnithe náisiúnta maidir le ceadúnú oibreacha bóithre.

- Tá breis agus 5,000 iarratas ar cheadúnú déanta tríd an gcóras;
- 30 lá nó níos lú an t-am atá sé ag glacadh formhór na n-iarratas ar cheadúnú a phróiseáil;
- Infheictheacht níos fearr maidir le céimeanna próiseála ceadúnaithe.

AN OIFIG UM AISTRIÚ SEIRBHÍSÍ UISCE (OASU)

Bhunaigh CLBCC an Oifig um Aistriú Seirbhísí Uisce (OASU) in 2013 chun tacú le Clár Athchóirithe na Seirbhísí Uisce, agus comhtháthaíodh OASU in GBRÁ in 2015. Tugann an oifig tacaíocht do CLBCC agus d'údaráis áitiúla maidir le haistriú seirbhísí uisce go hUisce Éireann; glacann sé páirt go gníomhach i mbainistiú an phróisis athraithe, agus cosnaíonn sé leas na n-údarás áitiúil agus a bhfoirne. Déanann an Oifig ionadaíocht ar an earnáil ar dhóigh chomhordaithe agus í ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitúil, Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile.

Saincheisteanna Aistrithe/Oidhreachta

Lean OASU leis ag obair le húdaráis áitiúla, le RCPRÁ agus le hUisce Éireann le linn na bliana chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna oidhreachta; rinneadh iarracht réitigh a chomhaontú agus rioscaí/dliteanais don earnáil a mhaolú.

- An tionchar foriomlán airgeadais d'Údaráis Áitiúla
- Infreastruchtúr faoi Cheannas Forbróirí
- Forbairt Gheilleagrach / Pleanáil
- Grúpscéimeanna Uisce
- Soláthairtí Beaga Poiblí agus saincheisteanna eile faoi Uisce Tuaithe

Bainistiú an Chomhaontú Seirbhíse (CS) agus Pleananna Bliantúla Seirbhíse (PBSanna)

Sa bhliain 2015, thug OASU comhairle agus tacaíocht d'Údaráis Áitiúla ar bhonn leanúnach trí fhreastal go rialta ar chruinnithe Réigiúnacha faoi Bhainistiú CS le comhaltaí na bhfoirne sinsearacha sna seirbhísí uisce agus trí rannpháirtíocht i nGrúpa Náisiúnta Rialachais Bainistíochta CS le hUisce Éireann. Bhí OASU mar an pointe lárnach teagmhála agus comhordaithe d'Uisce Éireann chun cur chuige seasmhach, leanúnach a chinntiú ar son na nÚdarás Áitiúil.

Tá spriocanna sonracha i bplean gnó Uisce Éireann, 'Seirbhísí Uisce in Éirinn a Bhunathrú suas go 2021', a bhaineann le laghdú ar líon na gcomhaltaí foirne agus ar shabháil airgid; bhí

tionchar mór acu ar an bpróiseas PBSanna. Bhí ról tábhachtach ag OASU i gcomhordú freagairt na hearnála ar na spriocanna dúshlánacha sa phlean.

Athbhreithniú ar an gComhaontú Seirbhíse

Mar atá sa Chomhaontú Seirbhíse a shínigh gach údarás áitiúil in 2013, cuireadh tús le hathbhreithniú i ndiaidh dhá bhliain den Chomhaontú a bheith i bhfeidhm, in 2015. Chuaigh grúpa athbhreithnithe i mbun comhairliúchán cuimsitheach le húdaráis áitiúla, rinne siad idirbheartaíocht le hUisce Éireann agus rinne siad dul chun cinn suntasach sa phróiseas athbhreithnithe. I mí na Samhna 2015, d'aontaigh CLBCC agus Uisce Éireann an tréimhse chun an athbhreithniú a chríochnú a shíniú suas go dtí Meitheamh 2016.

Bunathrú ar an Tionscal Uisce

Leanadh ar aghaidh in 2015 le cur i bhfeidhm an Phlean Bunathraithe Trí Bliana a comhaontaíodh in 2014 idir CLBCC agus Uisce Éireann; cuireadh béim ar leith ar thabhairt isteach teicneolaíochta nua, struchtúr nua eagraíochtúil agus modhanna nua oibre.

D'obair ionadaithe ó OASU agus ó Údaráis Áitiúla go gníomhach le hUisce Éireann trí pháirtíocht a ghlacadh sna struchtúir chomhaontaithe rialaithe don Phlean Bunathraithe – an Chomhfhoireann Cheannaireachta, Foireann an Chláir Bhunathraithe agus Foirne éagsúla Cur i bhFeidhm Tograí. Chuaigh OASU i gcomhairle leis an líonra de Bhainisteoirí Athraithe a bhí ceaptha i rannóg na seirbhísí uisce i ngach údarás áitiúil agus thug sí tacaíocht leanúnach dóibh.

Grúpa Sainchomhairleachta Uisce Éireann

Bhí GBRÁ freagrach i gcónaí as cúrsaí bainistíochta i nGrúpa Sainchomhairleoireachta Uisce Éireann, a tháinig le chéile ar bhonn leanúnach le linn 2015. Phléigh an fóram seo, a bhfuil ionadaíocht ag RCPRÁ agus ag Uisce Éireann air, saincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm athruithe agus teicneolaíochta nua i seirbhísí uisce údaráis áitiúil; chuathas i ngleic freisin le hábhair imní atá ag na ceardchumainn go fóill maidir le leibhéil fostaíochta sna seirbhísí uisce, go náisiúnta agus go háitiúil araon.

Ár nUisce a Chosaint



Léiríonn an graf thuas líon na gclárúchán in aghaidh an údaráis áitiúil suas go dtí deireadh 2015. Rinneadh 3,624 clárúchán san iomlán a phróiseáil in 2015. Ghin na clárúcháin sin ioncam iomlán de €179,670 in 2015. Ó tugadh isteach an riachtanas córais cóireála dramhuisce bhaile a chlárú, rud a rinneadh faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, tá 456,359 córas cóireála san iomlán cláraithe agus tá ioncam iomlán de €9,468,880 ginte uathu.

ÉIRCHÓID

Ar an 13ú Iúil, 2015, seoladh Eircode, Córas Náisiúnta Cóid Phoist na hÉireann, agus sannadh Éircód uathúil dá chuid féin do gach seoladh. Mar chuid de Chlár Feidhmithe na bhForas Earnála Poiblí, cuireadh na hÉirchóid i bhfeidhm ar an gClár Toghthóirí agus ar chórais na Rátaí, agus leasaíodh córais eile sa dóigh go bhféadaí úsáid a bhaint as Éirchóid, Córas HPS CORE agus CBRF ina measc. Rinneadh leasuithe ar leaganacha nua de chóras 'Register of

Electors' agus de 'Check the Register'. Chuathas i mbun próiseas meaitseála Sonraí Éirchóid agus cuireadh i bhfeidhm é ar 'Register of Electors'; cuireadh saoráid Chuardaigh ar fáil maidir le hÉirchóid don phobal ar shuíomh gréasáin 'Check the Register'.



Go náisiúnta, d'obair GBRÁ go gníomhach leis an earnáil tríd an nGrúpa Oibre um Chóid Phoist; bhí comhordaitheoir ainmnithe i ngach Údarás Áitiúil, rud a chinntigh gur cuireadh i bhfeidhm na cóid phoist go háitiúil agus go rabhthas réidh le déanamh amhlaidh.

Is iad an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Capita, Sealbhóir an Cheadúnais le Cóid Phoist a Bhainistiú, na príomhpháirtithe leasmhara. Bhí freastal maith ar Chomhdháil a eagraíodh i mí na Bealtaine do na Comhordaitheoirí Éirchóid go léir sna hÚdaráis Áitiúla, agus bunaíodh Suíomh Eislín na nÉirchód sa dhóigh go dtiocfadh leis an ngrúpa seo dul i mbun comhoibrithe.

AN tSEIRBHÍS DÓITEÁIN / POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE

Rinneadh gníomhaíochtaí agus idirbheartaíocht shuntasach caidrimh thionsclaíoch in 2015 maidir le leas fhoireann Sheirbhís Dóiteáin na hÉireann. I ndiaidh gur bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly, T.D., Pléfhóram 'Pobail a Choinneáil Sábháilte', bhí sraith sheisiún plé ann faoi choimirce GBRÁ le linn na bliana. D'éirigh leis an idirbheartaíocht, ar tháinig deireadh léi i mí na Nollag, 2015; rinneadh comhaontú idir GBRÁ, RCPRÁ, SIPTU agus IMPACT Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Feidhmithe na Seirbhíse Dóiteáin a bhunú.

Signing of the KCS Discussions Forum 'Agreement relating to the implementation of change initiatives in Local Authority Fire Services'

Beidh ionadaithe fostóirí agus fostaithe i nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Feidhmithe na Seirbhíse Dóiteáin. Díreoidh sé ar mhaoirseacht agus ar chur i bhfeidhm beartas na seirbhíse dóiteáin, agus ar an dóigh sin, éascóidh sé cumarsáid níos fearr idir lucht bainistíochta na seirbhíse agus an fhoireann ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Den chéad uair, tá socruithe feabhsaithe oibrithe á soláthar tríd an nGrúpa a éascóidh comhairilúchán, idirbheartaíocht agus réiteach aighnis de réir creat comhaontaithe d'fhonn na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm sa tseirbhís dóiteáin ar fud na hÉireann. Leis na socruithe nua oibre seo, cuirfear chun cinn agus tacófar le cur chuige i gcoitinne maidir le cleachtais chaidrimh thionsclaíoch a chothabháil agus a fheabhsú sa tseirbhís dóiteáin ar fad. Beidh cur i bhfeidhm an chomhaontaithe agus an comhoibriú gaolmhar idir fostóirí, fostaithe agus na ceardchumainn mar bhunús daingean le socruithe éifeachtacha oibre ar fud sheirbhís dóiteáin na hÉireann, rud a chruthóidh timpeallacht níos sábháilte do phobail agus dóibh siúd a bhíonn ag obair le pobail a choinneáil sábháilte.

Tugadh cuireadh do GBRÁ freisin labhairt ag roinnt ócáidí náisiúnta in 2015. Rinneadh cur i láthair ag Comhdháil Theicniúil na bPríomhoifigeach Dóiteáin i mí Mheán Fómhair agus ag Seimineáir d'Oifigigh Shinsearacha Dóiteáin i mí na Samhna. Lena chois sin, lean GBRÁ air ag tacú le plé agus idirbheartaíocht ag leibhéal áitiúil i dtaca le leas na foirne de, agus bhí sí mar ionadaí i bhfóraim éagsúla aighneas fostaíochta tríú páirtí ar fud na tíre le linn na bliana.

LEABHARLANNA

Comhdháil ar an gCeart Chun Léamh

Bhí an chomhdháil idirnáisiúnta 'Right to Read' ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an 23ú Meán Fómhair, 2015 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Sheol an tAire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Jimmy Deenihan, T.D., an chomhdháil agus ba í Banphrionsa Laurentien na hÍsiltíre, atá mar Thoscaire Speisialta ag UNESCO maidir le Litearthacht ar son na Forbartha, an t-aoichainteoir.

PRINCESS LAURENTIEN ADDRESSING CONFERENCE

Ba é fócas na comhdhála eolas a thabhairt agus feasacht a ardú ar fud na hearnála údaráis áitiúil maidir le litearthacht in Éirinn agus an feachtas 'An Ceart Chun Léamh'. Is tionscnamh ceannródaíoch é seo chun creat náisiúnta do thacaíocht agus forbairt litearthachta a sholáthar; cuirfear i bhfeidhm é i bpobail agus do dhaoine aonair ar fud na n-údarás áitiúil uile.

Féachann feachtas 'An Ceart Chun Léamh' le cláir agus tionscnaimh atá ann cheana féin a chomhlánú agus le tacú leo, leanúnachas agus daingniú taobh amuigh den oideachas foirmiúil a chur ar fáil, tacaíocht a thabhairt do pháistí, tuismitheoirí agus daoine fásta a bhfuil leibhéal íseal litearthachta acu, agus cur chuige áitiúil comhtháite, inmharthana a bheidh caighdeánach ar fud na tíre a fhorbairt. Sonraítear ról na réimsí éagsúla san údarás áitiúil maidir le tacú leis an litearthacht, lena n-áirítear deiseanna a aimsiú do shaoráidí tacaíochta don léitheoireacht agus don staidéar, agus meicníochtaí a fhorbairt le tacú leis an litearthacht tríd an spórt agus imeachtaí eile áineasa. Beidh ionchur trasearnála ann ar fud an údaráis áitiúil a chuimseoidh an pobal, tithíocht, spórt agus áineas, agus leabharlanna; fágfaidh sé sin go mbeidh cur chuige níos cuimsithí agus níos dírithe ann ná mar a bhí roimhe seo.

Ar na cainteoirí ag an gcomhdháil bhí Aodhán Ó Ríordáin, T.D., an tAire Stáit sa Roinn Cirt agus Comhionannais agus sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; Joseph Nugent, Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil; Tom Coughlan, Cathaoirleach Choiste Forbartha na Leabharlann agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae an Chláir; Leikny Haga Indergaard, an Stiúrthóir Leabharlainne, Leabharlann Phoiblí

Bergen, an Iorua; agus Jason Vit, Pobail agus Ceantair Áitiúla, Iontaobhas Náisiúnta Litearthachta na Ríochta Aontaithe.

AG TACÚ LE POBAIL ÁITIÚLA



Mr. Joespeh Nugent, Princess Laurentien, Thronr Room, Dublin Castle

D'fhorbair Líonra GBRÁ na nOifigeach Rochtana tionscnamh Idirbhliana i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais dar teideal "Taispeánann Daltaí Áitiúla Idirbhliana a gCruthaitheacht – 'Rochtain a Chur i bhFeidhm do Gach Glúin'". Deis a bhí ann do dhaltaí idirbhliana cur chuige idirdhisciplíneach a úsáid i leith na foghlama, agus bhí gnéithe sóisialta agus eacnamaíochta an mhíchumais, an chomhionannais agus na héagsúlachta chun cinn i gcomórtas gradam. Bhí bronnadh na ngradam ann ar an 23ú Aibreáin, 2015 i gCaisléan Bhaile Átha Cliath agus is é an tAire Stáit Aodhán Ó Ríordáin, an Roinn Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le freagracht speisialta do chomhionannas, pobail nua, cultúr agus an straitéis drugaí, a bhronn na gradaim.

Left to right: - Dr Ger Craddock, National Disability Authority, Maggie O'Brien, LGMA, Winning Student, Derek Dodebier, Teacher, Sean Rossiter, St Peters College, Wexford Town, Minister Aodhan O'Riordain, Caroline McHale, Professional Development Service for Teachers, with responsibility for Transition Year Students.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

BAINISTIÚ FIACHAIS

Le tacíocht ó Oifig Bainsitíochta na gClár (OBC), rinne an earnáil Rialtais Áitiúil dul chun cinn suntasach ó thaobh Bainistiú Fiachais a fheabhsú. Leag an earnáil sprioc síos go háirithe le riaráistí a laghdú ar €46 milliún in 2016. D'aontaigh gach údarás áitiúil ar sprioc agus d'obair siad chun a dteicnící bailiú fiachais agus tuairiscithe a fheabhsú faoi dheireadh na bliana. Sáraíodh an sprioc. Laghdaíodh na riaráistí i rátaí tráchtála **€56** milliún. Baineadh an toradh suntasach sin amach trí shaineolaithe san earnáil a chur i mbun gnímh. Le cois a ngnáthfhreagrachtaí, chomhroinn siad a gcuid saineolais maidir le córais bainistiú fiachais, reachtaíocht, oiliúint agus tuairisciú. Ba é Coiste Airgeadais CLBCC, faoi cheannas Grúpa Oibre d'ionadaithe na gCeann Airgeadais, le tacaíocht ó OBC, a thug an clár chun cinn. Rud tábhachtach ba ea é go raibh cleachtóirí páirteach sa chlár agus gur fhreastail siad ar shraith cheardlann réigiúnach.

In 2015, rinne an earnáil bunobair maidir le hathchóiriú níos bunúsaí ar Bhainistiú Fiachais sa Rialtas Áitiúil. Mar thoradh ar an obair a rinneadh in 2015, cuirfear clár oiliúna i bhfeidhm faoi choinne cleachtóirí Bainistiú Fiachais. Leasófar Aguisín 7 de na Ráitis Bhliantúla Airgeadais le léargas níos cruinne a thabhairt ar fhíorstaid drochfhiachais gach údárais áitiúil, agus cuirfear cás i láthair maidir le hathrú ar an reachtaíocht leis na hionstraimí atá ar fáil don Rialtas Áitiúil a láidriú d'fhonn bailiú fiachais a fheabhsú. Leagfar síos spriocanna do gach údarás áitiúil in 2016 a thógfaidh ar an rath in 2015.

Léiríonn an togra comhoibríoch seo mar is féidir leis an earnáil dul i mbun gnímh le torthaí suntasacha a bhaint amach in achar gairid ama. Tuairiscíodh na torthaí seo don Bhord Feidhmithe um Bainistiú Fiachais, atá faoi stiúir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

SOLÁTHAR

I mí Aibreáin, 2015, chomhaontaigh an Grúpa Maoirseachta um Athchóiriú na hEarnála Poiblí an Clár Athchóirithe Soláthair. Is é Bord an Togra Soláthair atá i gceannas ar an athchóiriú seo, agus is é an Lárionad Soláthair Straitéisigh Rialtais Áitiúil a chomhordaíonn é. I mí na Bealtaine, 2015 tugadh an Lárionad isteach in GBRÁ, rud a chuir go mór le tacaíocht earnála don oifig.

Tá ceithre chroíchuspóir ag an gClár Athchóirithe Soláthair:

1. Tacú le seachadadh seirbhísí poiblí trí phróisis éifeachtacha soláthair;
2. Éifeachtúlachtaí ar féidir iad a chur i bhfeidhm trí sholáthar a fheabhsú;
3. Na rioscaí a bhaineann le soláthar a bhainistiú, agus
4. An earnáil rialtais áitiúil a éascú chun a bheith páirteach ar dhóigh fhiúntach in athchóiriú cúrsaí soláthair, rud atá faoi stiúir na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR).

Tá an Clár Soláthair Rialtais Áitiúil comhdhéanta de na príomhghnéithe seo a leanas:

- **Rialachas agus Gnáthaimh**
  Eisíodh treoirlínte do gach údarás áitiúil maidir le Pleananna Soláthair Chorparáidigh a eisiúint. Táthar ag súil go mbeidh Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil faoin dara ráithe in 2016.
- **Córais**
  Tá 130,000 cód táirge san earnáil rialtais áitiúil. Cuirfear iad le chéile de réir 460 grúpa.
- **Scileanna**
  Chuathas i mbun clár suntasach in 2015 le scileanna soláthair a fhorbairt. Labhair 23 cainteoir ag fóram na nOifigeach Soláthair. Cuireadh 18 sparánacht ar fáil d'Oifigigh Sholáthair sa dóigh go dtiocfadh leo dul faoi oideachas creidiúnaithe, agus d'fhreastail breis agus 300 comhalta foirne ar sheimineár oiliúna faoi athchóiriú soláthair.

Tacaíocht do Chomhlíontacht

I mí Iúil, 2015, sheol an Lárionad an suíomh Eislín Soláthair. Tá eolas riachtanach ar an suíomh faoin dlí soláthair agus faoi bheartais agus chreata atá i bhfeidhm maidir le húdaráis áitiúla. Freastalaíonn an suíomh eislín anois ar bhreis agus 580 úsáideoir ar fud na hearnála rialtais áitiúil, agus bhí 59,000 amharc leathanaigh agus tuilleadh ann. I mí na Samhna, 2015, earcaíodh Sain-Oifigeach Tacaíochta Comhlíontachta le cuidiú leis na húdaráis áitiúla baol na neamh-chomhlíontachta a laghdú.

An Lárionad um Sholáthar Oibríochtúil Rialtais Áitiúil

Tá an Lárionad um Sholáthar Oibríochtúil Rialtais Áitiúil á óstáil ag Comhairle Contae Chiarraí. Chuir sé naoi gcreat i bhfeidhm in 2015 a chlúdaíonn Mionoibreacha agus Fruiliú Fearais.

AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS

Tá Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso curtha i bhfeidhm ag 27 de na 31 údarás áitiúil. Ó bhí an bhliain 2000 ann, tá tairbhe suntasach bainte ag Údaráis Áitiúla as bunleagan 5.2 agus as leagan 5.4 a tháinig ina dhiaidh sin in 2004.

Bhí gnéithe de Agresso Milestone 4 (MS4), a eisíodh i mí Eanáir 2014, feabhsaithe ar fad don úsáideoir. Cuirfear MS4 i bhfeidhm go céimnitheach, rud a ligfidh d'údaráis áitiúla an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as córas bainistíochta airgeadais atá de shíor ag feabhsú agus a chuideoidh sna hiarrachtaí le spriocanna gnó a bhaint amach.



Fíor 1: Sceideal Feidhmithe Agresso do 27 údarás áitiúil sa tréimhse Meán Fómhair 2014 go Ráithe 4, 2017

Tá tabhairt isteach Agresso MS4 mar réamhtheachtaí ag cás gnó maidir le comhsheirbhís Cuntas Iníoctha a bhfuiltear i mbun machnaimh faoi. Cuideoidh an t-ardán teicneolaíochta atá in úsáid in MS4 freisin le feasacht airgeadais níos fearr a chothú. Ar na gnéithe a bheidh ann tá seiceáil buiséid i bhfíoram, Príomhtháscairí Feidhmíochta, deaiseanna agus cuntasaíocht choimitminte, agus rialú gluaiseacht an airgid trí fhaomhadh sreabhadh na hoibre.

ACMHAINNÍ DAONNA, PÁROLLA AGUS AOISLIÚNTAS

An Clár um Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais

Cuireann an clár Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais ar a gcumas do na hÚdaráis Áitiúla agus d'eagrais eile Earnála Poiblí Acmhainní Daonna, Párolla agus cúntacha a chur ar fáil go héifeachtach agus go cruinn san Earnáil Phoiblí.

Lean Foireann GBRÁ an Chláir Náisiúnta ar aghaidh le bainistiú an Phlean Feidhmithe Náisiúnta a d'fhaomh Bord na gClár in 2014. Is iad seo a leanas na príomhréimsí ar díríodh orthu: cur i bhfeidhm MyPay, tástáil ar scéim phíolótach Leagan 19 de CORE, agus na hÚdaráis Áitiúla a bhí ag teacht ar bord. Dhear GBRÁ an Plean Feidhmithe Náisiúnta mar dhóigh leis na cláir éagsúla oibre atá idir lámha san earnáil a chomhordú.

The HPSS Board

Comhpháróllа

Chuir comhaltaí an Foirne Náisiúnta Tograí a gcuid saineolais i mbainistiú tograí i ngníomh maidir le cur le bhfeidhm an Chomhpháróllа, agus iad ag tacú lena gcomhghleacaithe ón Ionad Comhsheirbhísí i gComhairle Contae Laoise.

Faoi dheireadh 2015, bhí suíomhanna fiche údarás áitiúil curtha i bhfeidhm:-

Suíomhanna Píolótacha	Céim 1	Céim 2	Céim 3	Céim 4
Laois	Longfort	Ceatharlach	Cill Dara	Tiobraid Árann
Uíbh Fhailí	Ros Comáin	Gaillimh	Cill Chainnigh	Luimneach
	An Iarmhí	Muineachán	An Mhí	Port Láirge
	Liatroim	An Cabhán	Lú	Cill Mhantáin
			Baile Átha Cliath Theas	Ciarraí

D'aistrigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Údarás Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre go dtí na Comhsheirbhísí Párolla i lár na bliana.

Tá obair go fóill idir lámha idir GBRÁ, MyPay agus CORE le malartú sonraí an Phárolla idir Údaráis Áitiúla agus MyPay a fheabhsú.

Uasghrádú Córas CORE

Lean tionscadal píolótach Leagan 19 de CORE ar aghaidh in 2015. Rinne GBRÁ athbhreithniú foirmiúil ar an tionscadal i mí na Bealtaine, agus shocraigh sí ar an ngrúpa píolótach a leathnú agus Údaráis Áitiúla Chéim 1 a thabhairt isteach. Le straitéis leathnaithe an ghrúpa phíolótaigh, bhí an tástáil ar siúl le daonra níos mó agus bhain an riosca le daonra níos mó. Mar sin féin, d'éirigh léi mar straitéis. Rinneadh críochnú na tástála leathnaithe píolótaí a údarú go hoifigiúil i mí Lúnasa.

Leis an gcéim seo chun cinn, bhí GBRÁ in ann Céim 2 de Leagan 19 a sheoladh sa ráithe dheireanach. D'aistrigh ceithre cinn de na hocht nÚdarás Áitiúla go Leagan 19 den CORE roimh dheireadh na bliana agus tá gach cuma ar an scéal go mbeidh na ceithre cinn eile réidh go luath in 2016.

Tabhairt Isteach Údarás Áitiúil Neamhspleách

Lean an grúpa d'údaráis áitiúla neamhspleácha ar aghaidh le bheith i dteagmháil le GBRÁ in 2015. Tá dhá údarás áitiúla eile tagtha isteach sa Chlár náisiúnta, Cathair Chorcaí agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus tá siad ag aistriú chuig leagan caighdeánaithe de bhogearraí CORE. Tá Comhairle Contae Fhine Gall tagtha isteach sa Chlár Náisiúnta freisin agus tá na comhaontais chuí dhlíthiúla sínithe aici. Tá GBRÁ ag súil go mbeidh córais Fhine Gall go hiomlán curtha i bhfeidhm faoi lár 2016. Tá GBRÁ ag obair le Comhairle Contae Chorcaí agus CORE araon le leagan áitiúil d'ordlathas an chórais a ailíniú le struchtúr caighdeánach CORE.

Caithfear aitheantas ar leith a thabhairt d'fhoireann an tionscadail i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a d'obair go ríchrua le haistriú go MyPay in mí Aibreáin 2015. I ndiaidh an aistrithe chuig an gcóras lárnach i mí na Samhna 2014, bhí tionscadal tuarastal coicísiúil ann i mí Eanáir/Feabhra agus ansin rinneadh Anailís ar Bhearnaí i mí an Mhárta. An toradh a bhí air sin ná gur aistríodh feidhmeanna áirithe ón Rannóg Airgeadais go dtí an Rannóg Acmhainní Daonna leis an aistriú go MyPay a éascú.

Ullmhacht Sonraí Aoisliúntais

Leagadh an fhreagracht as an tionscadal seo a bhainistiú ar fhoireann GBRÁ; seo tionscadal a bhí á reáchtáil i gcomhar leis an tionscadal foriomlán Comh-Aoisliúntais a bhíonn á bhainistiú ag an Stiúrthóir Comhsheirbhísí i gComhairle Contae Laoise. Ba é an cuspóir a bhí ann na húdaráis áitiúla a eagrú chun leibhéal ullmhachta a bhaint amach ó thaobh a sonraí Aoisliúntais de ionas go mbeadh siad oiriúnach le haistriú chuig an Ionad Comhsheirbhísí. D'eagraigh an fhoireann ceithre cheardlann ar fud na tíre leis na hOifigigh Aoisliúntais sna húdaráis áitiúla chuí a chur ar an eolas faoin tionscadal. Ag na ceardlanna, cuireadh i láthair an Treoir Aoisliúntais nua a rinne foireann an Ionad Comhsheirbhísí. Tá obair an Ionad Comhsheirbhísí agus Rannóg Aoisliúntais RCPRÁ á comhordú ag foireann GBRÁ le sainoiliúint a sholáthar d'fhoirne na n-údarás áitiúil. Ciallaíonn sé sin gur féidir teidlíochtaí uasdátaithe na

gcomhaltaí foirne a ghabháil i gcóras CORE agus aistriú go dtí an Chomhsheirbhís an bhliain seo chugainn.

Comhéadan an Chóras Bainistíochta Airgeadais

Is nasc ríthábhachtach é an comhéadan idir Córas CORE agus an Córas Bainistíochta Airgeadais óir is dhá mhórchóras tacaíochta áitiúla de chuid na n-údarás áitiúil iad. Is cineál riachtanach fíorú cód é aistriú uathoibríoch na gcód do jabanna ón gCóras Bainistíochta Airgeadais go modúl Ama agus Tinrimh CORE. Aistrítear na costais oibre go huathoibríoch freisin ó CORE ar ais chuig an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Rinneadh an comhéadan seo a leasú chun sruthlíniú Grúpaí Pá ag MyPay a éascú chun an méid oibre a bhíonn i gceist le párollaí rialtais áitiúil a reáchtáil a laghdú. Forbraíodh eagrán eile den chomhéadan seo le teacht leis an leagan amach nua sonraí i gCóras Bainistíochta Airgeadais uasghrádaithe Agresso agus in Milestone 4.

An Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS)

Rinneadh an plean tionscadail do Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) i ndiaidh gur cuireadh Leagan 19 de CORE i bhfeidhm, agus tástáladh é i dtimpeallacht 'bheo' Phort Láirge sa cheathrú ráithe. Chuathas i ngleic leis na saincheisteanna uile a cuireadh in iúl agus tá na tuairiscí sonraithe ar an gcóras forbartha agus curtha san áireamh san eisiúint chaighdeánach.

Cuirfear an córas i bhfeidhm go náisiúnta go luath in 2016 ar an dóigh chéanna ar cuireadh Leagan 19 i bhfeidhm. Déanfaidh Comhchoiste Stiúrtha Bainistíochta na gCeardchumann um Shláinte agus Sábháilteacht maoirseacht ar an gcóras sa chéad dul síos, agus déanfaidh Grúpa Oifigigh Shábháilteachta na nÚdarás Áitiúil amhlaidh.

Iniúchóirí Rialtais Áitiúil

D'fhorbair Foireann an Chláir Náisiúnta tuairiscí Éirim Ghnó i gcomhar leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil i gCill Mhantáin. Seachadadh na tuairiscí caighdeánacha seo chuig gach suíomh CORE chun obair na nIniúchóirí Rialtais Áitiúil a éascú.

Uisce Éireann agus an Tarraingt As

D'fhorbair Foireann an Chláir Náisiúnta clár speisialta tarraingthe as chun ligean d'údaráis áitiúla eolas a sholáthar faoi chostais uisce d'Uisce Éireann. Rinneadh an obair seo i gcomhar leis an gCeann Airgeadais i gComhairle Contae Ros Comáin, agus ciallaíonn sé gur féidir costálacha saothair atá íseal, ach dí-aitheanta, a sholáthar d'Uisce Éireann.

Bhainistigh Foireann an Chláir Náisiúnta roinnt tionscadal breise, ina measc: SEPA, Príomhtháscairí Feidhmíochta, CORE Móibíleach agus Athruithe Bhóthar Haddington (Saoire Thinnis). D'obair na comhaltaí foirne ar thograí eile freisin, ina measc: Feabhsú an Phróisis Ghnó um Bainistiú Tinrimh; sonraíocht, soláthar agus cumrú na timpeallachta nua teicniúla; Scéim na bPinsean Singil, agus an chéim dheiridh de chur i bhfeidhm pacáiste Aoisliúntais 2012.

An Coiste Náisiúnta Caighdeán (CNC)

Lean an Coiste Náisiúnta Caighdeán ar aghaidh leis an obair chun breitheanna a dhéanamh i dtaca le hiarratais ar athrú bogearraí ó na heagraíochtaí rannpháirteacha. Bíonn an Coiste ag feidhmiú ar son Bhord an Chláir maidir le saincheisteanna caighdeánaithe. Tá caighdeánú ríthábhachtach mar bheartas chun costais a laghdú agus oibríochtaí údarás áitiúil sa todhchaí a shruthlíniú. Bhí 31 aighneacht ann; faomhadh 24 acu chun go ndéanfadh CORE agus GBRÁ tuilleadh fiosruithe fúthu. Choigeartaigh CNC cumraíocht an Chórais nua um Fhorbairt Bainistíocht Feidhmíochta agus táthar ag súil go seachadfar an píosa deireanach de na bogearraí chun plé le Scóráil Chomhiomlán Cumas go luath in 2016. Bhí ról ceannasach ag an gCoiste maidir leis an gcaighdeán náisiúnta a shainmhíniú chun saoire thinnis agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh a láimhseáil. Táthar ag súil le bogearraí nua go luath chun tacú leis na caighdeáin nua seo. Rinneadh athbhreithniú ar Bhainistiú Tinrimh le linn na bliana faoi choimirce Rannóg Acmhainní Daonna GBRÁ, agus tá machnamh á dhéanamh ag CNC ar na moltaí ón athbhreithniú seo i gcomhthéacs córas CORE.

COMHAONTÚ BHÓTHAR LANSDOWNE

Rinneadh idirbheartaíocht faoi chomhaontú Bhóthar Lansdowne (a tháinig in áit Chomhaontú Bhóthar Haddington) i mí na Bealtaine/Mheithimh 2015. Cuireadh tús leis an bpróiseas chun an gearradh pá agus pinsin a bhí i bhfeidhm ar chomhaltaí foirne sa tseirbhís phoiblí ó bhí 2008 ann a aisiompú. Bunaíodh foireann idirbheartaíochta earnála comhdhéanta de GBRÁ, RCPRÁ agus grúpa d'ionadaithe na bPríomhfheidhmeannach faoi stiúir Chathaoirleach CLBCC. Agus gearrthaí éagsúla agus bearta éigeandála i bhfeidhm le blianta beaga anuas, thit an bille comhlán don tseirbhís phoiblí ó €17.2 billiún in 2008 go €14.2 billiún in 2013. Bhíothas in ann an méid sin a dhéanamh trí reachtaíocht éigeandála airgeadais agus trí thobhach pinsin a thabhairt isteach. Laghdaíodh líon na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí ar 32,000 freisin.

AIGNEACHTAÍ CHUIG COISTÍ OIREACHTAIS

Aighneacht faoin gClár Toghthóirí

Rinneadh comhaighneacht ar an 23ú Meitheamh, 2015 chuig an gComhchoiste Oireachtais Comhshaoil, Cultúir agus Gaeltachta ar son na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Chumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach mar fhreagairt ar an bpróiseas comhairliúcháin faoi bhunú Coimisiún Toghthóirí in Éirinn. Chuir GBRÁ agus CLBCC an dearcadh chun cinn gur chóir do Choimisiún Toghchán díriú go príomha ar na réimsí seo a leanas: beartais toghchánaíochta, maoirseacht agus iniúchóireacht; córais a fhorbairt le muinín sa chóras toghchánaíochta a fheabhsú agus a chothabháil; maoirseacht neamhspleách, neamhchlaonta a sholáthar maidir le hathruithe ar thoghcheantair agus ar theorainneacha; eolas neamhspleách, neamhchlaonta a thabhairt faoi chúrsaí toghchánaíochta; agus athruithe ar an gcóras toghchánaíochta a mholadh don Rialtas.

Aighneacht um Leas Capall

Cuireadh aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le saincheisteanna leasa capall. Labhair Brendan McGrath, Cathaoirleach Choiste CLBCC um Chomhshaol, Athrú na hAeráide agus Pleanáil Éigeandála leis an gComhchoiste Oireachtais, agus bhí ionchur ag Comhaltaí Foirne Tréidliachta ón earnáil sa chur i láthair freisin. Dhírigh an aighneacht ar na ceisteanna seo a leanas: an t-athbhreithniú ar an Acht um Rialú Capall agus ar na dúshláin a bhaineann lena chur i bhfeidhm; saincheisteanna leasa; ról na gcarthanachtaí; comhoibriú níos fearr a lorg idir gníomhaireachtaí stáit; comhaontú seirbhíse a fhorbairt idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an earnáil, agus sruthanna oiriúnacha maoinithe.

Ag Tacú le CUMANN LYCHT BAINISTÍOCHTA CONTAE AGUS CATHRACH (CLBCC)

Cumarsáid

In 2015, d'fhorbair Grúpa Oibre Cumarsáide CBLCC 'Treoirlínte um Straitéis Chumarsáide' faoi choinne na n-údarás áitiúil. Soláthraíonn na treoirlínte seo na gnéithe ar fad ar féidir machnamh a dhéanamh orthu agus a straitéis chumarsáide á bunú nó á huasdátú ag údarás áitiúil. Pléitear leis na saincheisteanna uile a bhaineann le bealaí cumarsáide agus cur teachtaireachtaí i dtaca le custaiméirí agus gnó síorathraitheach na n-údarás áitiúil de. Tá uirlisí ann maidir leis na nithe seo a leanas: beartas agus straitéis a fhorbairt i dtaca leis na meáin shóisialta de, preasráitis a scríobh agus brandáil. Nuair a bhí na treoirlínte seo á

bhforbairt, rinneadh iniúchadh ar na cleachtais is fearr ó thaobh cumarsáide de agus bhí ionchur ann ó réimse údarás áitiúil.

CITY & County Management Assoication 2015

D'eagraigh an líonra fadbhunaithe d'oifigigh chumarsáide údaráis áitiúil, faoi stiúir GBRÁ, lá náisiúnta Twitter. Bhain siad go léir úsáid as #OurCouncilDay le raon na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí ag na húdaráis áitiúla a léiriú. Mar gheall ar an gcomhordú a rinneadh ó thaobh freagairtí don phreas náisiúnta maidir le réimsí amhail tithíocht shóisialta, forbairt eacnamaíochta agus turasóireacht, cinntíodh go raibh leanúnachas i dteachtaireachtaí poiblí na hearnála. Tugadh comhairle do líon mór údarás áitiúil maidir le ceisteanna ó na meáin.

Foilseacháin

An méid atá á Dhéanamh ag Údaráis Áitiúla le Lár Bailte a Fheabhsú

Mar fhreagairt ar róil údarás áitiúil i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um Jabanna, rinne CLBCC tuarascáil ar thionscnaimh faoi choinne lár bailte ('Town Centre Initiatives') inar cuireadh na mílte tionscnamh áitiúil i láthair. Bhí grianghraif na sa tuarascáil freisin d'eiseamláracha den chleachtas is fearr agus grianghraif a thugann léargas ar an obair a dhéanann údaráis áitiúla chun tacú le gnónna miondíola; is féidir le húdaráis eile a



macasamhail d'obair a dhéanamh bunaithe ar na samplaí sna grianghraif. Tá eolas sa tuarascáil faoi ról na n-údarás áitiúil i mbainistiú tráchta agus páirceáil, glaineacht, taitneamhachtaí, féilte agus imeachtaí, turasóireacht agus tacaíocht do ghnónna.

RIALÚ CORPARÁIDEACH

Cuireann na Seirbhísí Corparáideacha dea-rialú chun cinn agus soláthraíonn siad seirbhísí tacaíochta inmheánacha agus corparáideacha, lena n-áirítear:

- ✓ Rialú Corparáideach
- ✓ Rúnaíocht
- ✓ Cúrsaí Dlí
- ✓ Acmhainní Daonna
- ✓ Oiliúint agus Forbairt
- ✓ Riar Pinsean
- ✓ Bainistiú Áiseanna
- ✓ Sláinte agus Sábháilteacht

Rialú

Tá GBRÁ tiomanta do na caighdeáin is airde i rialú corparáideach a chothabháil de réir an Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit, 2009.

TRUCHTÚR RIALAITHE GBRÁ



COMHALTAÍ AN BHOIRD

Ar na mBord tá deichniúr oifigeach poiblí (8 bPríomhfheidhmeannach Údaráis Áitiúil agus 2 Státseirbhíseach) agus oifigeach amháin neamhphoiblí ainmnithe ag an Aire. Déanann Comhairle an Bhoird ainmniúcháin na bPríomhfheidhmeannach go léir a dhaingniú ar bhonn bliantúil, agus maireann ceapacháin an Aire trí bliana de ghnáth. Bíonn cruinnithe den Bhord ann dara gach mí, ach bhí naoi gcruinniú Boird san iomlán ann in 2015. Ní íoctar táillí bliantúla ar bith le comhaltaí an Bhoird. Bíonn formhór na gcruinnithe Boird ar siúl sa Teach Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), rud a chiallaíonn go mbíonn ar roinnt comhaltaí taisteal ó na hoifigí ina bhfuil siad lonnaithe de ghnáth. Bíonn cruinnithe de na coistí ar siúl go minic ar an lá céanna le cruinnithe Boird chun ligean do na comhaltaí Boird freastal ar níos mó ná cruinniú amháin. Íoctar ar ais costais Taistil agus Cothabhála de réir na rátaí atá luaite i mBeartas an Rialtais. Is é €1,910 méid na gcostas a íocadh le comhaltaí den Bhord as freastal ar chruinnithe Boird in 2015.

TINREAMH AG CRUINNITHE BOIRD 2015

Comhalta	Post	Nótaí	I láthair	I dteideal a bheith i láthair acu
P. Carey	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara	CATHAOIRLEACH ó Shamhain 2015 ar aghaidh	9	9
P. Gallagher	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na hIarmhí	CATHAOIRLEACH ó 05/14 go 10/15	9	9
C. Clancy	Príomhoifigeach, RCPRÁ	Ainmnithe ar an mBord i mí Feabhra 2015	6	7
O. Keegan	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Ainmnithe ar an mBord 10/14	6	9
P. Lemass	Rúnaí Cúnta, RCPRÁ	Ainmnithe ar an mBord 08/14	7	9
T. Lucey	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chorcaí	Ceaptha ina PF ar Chontae Chorcaí 05/14	8	9
R. Mulhall	Príomhoifigeach, RCPRÁ	D'éirigh sé as in 2015	0	1
C. Murray	Príomhfheidhmeannach, Údaráis Áitiúla Luimní		6	7
S. Neely	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall	Feidhmeannas CLBCC ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 ar aghaidh	9	9
D. O'Connor	An tOifigeach Sinsearach Freagrach, OBC		7	9
P. Poole	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Feidhmeannas CLBCC ó mhí Dheireadh Fómhair 2014 ar aghaidh	4	9
M. Walsh	Príomhfheidhmeannach, Údaráis Áitiúla Phort Láirge	Feidhmeannas CLBCC ó 10/14 ar aghaidh	6	9
J. MacGrath	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Thiobraid Árann	As Feidhmeannas CBLCC 10/14	1	2

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Soláthraíonn an Coiste Iniúchóireachta dearbhú neamhspleách rialaithe don Bhord. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste in 2015:-

E. Sheehy	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Mhantáin (ina Chathaoirleach – cruinniú amháin)
P. Poole	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin (ina Cathaoirleach – trí chruinniú)
P. Carey	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara
C. Henehan	Bainisteoir na Rannóg, Iarthar Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí
A. Connolly	Oifigeach neamhspleách neamhphoiblí

Is é seo a leanas ról an Choiste Iniúchóireachta:

- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar shláine rialuithe inmheánacha airgeadais na Gníomhaireachta chun dearbhú a thabhairt don Bhord ina leith;
- Gníomhú mar fhoinse comhairle neamhspleáiche maidir le cúrsaí a bhaineann le bainistiú airgeadais agus rialú buiséad, agus cleachtais sna réimsí sin a athbhreithniú;
- A chinntiú go gcomhlíontar riachtanais chuntasaíochta agus dlí;
- Cur i bhfeidhm straitéis bainistiú rioscaí GBRÁ a imscrúdú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi ó thaobh airgeadúil agus neamhairgeadúil de;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnáthamh GBRÁ maidir le sceithireacht, agus a chinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm a ligeann don fhoireann aon ábhar imní atá ann maidir le hiompar míchuí i dtaca le tuairisciú airgeadais nó rialuithe de nó maidir le ceisteanna eile a ardú gan bhuairt.

Tá an Coiste Iniúchóireachta freagrach don Bhord. Bíonn sé ag obair go dlúth leis na hIniúchóirí Inmheánacha, agus tá sé freagrach as pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gclár bliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí. Rinne an tIniúchóir Rialtais Áitiúil cur i láthair don Choiste i mí Mheithimh 2015, agus tugadh tuilleadh eolais faoi chuntais agus thorthaí an Iniúchta Rialtais Áitiúil don tréimhse airgeadais Eanáir go Nollaig 2014. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2015.

Iniúchadh Inmheánach

Tá sé iontach tábhachtach ar fad ag GBRÁ imscrúdú agus measúnú neamhspleách a bheith déanta ag Iniúchóirí Inmheánacha ar a córais agus ar a próisis. Bhí Iarratas ar Thairiscintí ann in 2015 maidir le seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí a sholáthar faoi Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais. Is ag RSM McClure Watters a bhí an tairiscint rathúil agus rinne siad na hiniúchta seo a leanas le linn na bliana:

> An párolla – athbhreithniú ó thaobh Acmhainní Daonna de, íocaíochtaí as saoire thinnis agus as saoire thuismitheoireachta srl san áireamh
>
> Comhlíonadh an Chód Rialaithe
>
> Comhleanúnachas Gnó i Réimse Gnó Earnála

BAINISTIÚ RIOSCAÍ

Tá GBRÁ tiomanta do rioscaí a bhainistiú mar dhlúthchuid dá hoibríochtaí; déantar amhlaidh trí straitéisí a chur i bhfeidhm chun bagairtí ar bhaint amach spriocanna agus cuspóirí eagraíochtúla a íoslaghdú. Glactar leis gur cuid riachtanach de ghnáthbhainistíocht an lae é Bainistiú Rioscaí; go deimhin, is mír sheasta é ar chláir oibre an Bhoird, an Choiste Iniúchóireachta agus na Foirne Sinsearaí Bainistíochta. Leanann GBRÁ leis i mbun próisis Bainistiú Rioscaí a fhorbairt, lena n-áirítear Clár Rioscaí GBRÁ a choinneáil nuashonraithe. Déantar na rioscaí a athbhreithniú ar bhonn leanúnach, agus déantar gníomhartha maolaithe

nuair is féidir agus nuair is gá. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta bainistiú rioscaí, agus ag deireadh gach ráithe, tugann sé comhairle don Bhord maidir leis na príomhrioscaí atá i ndiaidh theacht chun cinn.

NA hACHTANNA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ AGUS CAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ

Caithfidh gach duine den fhoireann shinsearach in GBRÁ, na comhaltaí Boird agus sealbhóirí post ainmnithe san eagraíocht ráitis bhliantúla a chur isteach chun na hAchtanna seo a chomhlíonadh.

TUARASTAL – AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá tuarastal an PF comhionann le tuarastal uasta an Rúnaí Chúnta; €143,535 in aghaidh na bliana atá i gceist. Ní íoctar aon bhónas as an bpost seo.

SOLÁTHAR CORPARÁIDEACH

Déantar gníomhaíochtaí soláthair uile GBRÁ de réir na dTreoirlínte agus na mBeartas um Sholáthar Poiblí atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais. Cloíonn GBRÁ le Plean Soláthair Chorparáidigh agus déanann sí de réir creat soláthair a bunaíodh faoin tSeirbhís Náisiúnta Soláthair maidir le seirbhísí lena n-áirítear Stáiseanóireacht, Leictreachas agus Gás. Bíonn gnáthaimh inmheánacha soláthair ag teacht leis an gcleachtas molta is fearr: cuimsíonn siad leithscaradh dualgas, tuairiscí rialta bainistíochta, agus córas le caiteachas a údarú. Faoi Ghnáthaimh Sholáthair GBRÁ, bíonn cead ón Bhord de dhíth maidir le caiteachas ar mó é ná tairseach réamhaontaithe.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FUINNIMH GBRÁ, 2015

Tá oibrithe GBRÁ lonnaithe i spás oifige 34,002 troigh chearnógach in dhá oifig i mBaile Átha Cliath 8. Léirítear sa tábla thíos an úsáid fuinnimh:

Úsáid Fuinnimh	**2014 kWh**	**2015 kWh**
Leicteachas,		
(Soilsiú, TFC, Cumhacht Oifige, Teas, Aerú)	760,350	746,653
Gás Nádúrtha - Teas	501,813	221,795

Éilíonn IR 426 de 2014 (agus IR 542 de 2009 roimhe sin) go ndéanann forais phoiblí tuarascáil bhliantúil faoi shonraí fuinnimh. D'fhorbair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha córas monatóireachta agus tuairiscithe ar líne leis an bpróiseas tuairiscithe a éascú.

Rinne GBRÁ tuairisc faoina húsáid fuinnimh ó 2009 go 2014 tríd an gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe, agus bhí coigilteas 26.7% déanta ag an eagraíocht faoi 2014. Baineadh an méid sin amach trí roinnt tionscnamh beag thar an tréimhse seo. Is iad seo a leanas cuid de na tionscnaimh:

- Suiteáladh braiteoirí éighníomhacha infridhearga sa dá fhoirgneamh oifige agus sna carrchlóis; bíonn na soilse ar siúl anois sa chás amháin ina mbíonn daoine istigh sna hoifigí srl.
- Tá múchadh uathoibríoch i bhfeidhm ar gach ríomhaire, ríomhaire glúine srl nuair nach múchann oibrithe iad sula n-imíonn siad tráthnóna.
- Rinneamar imscrúdú ar amanna agus teocht ár gcóras teasa agus athraíodh iad leis na coigiltis is mó agus is féidir a bhaint amach.

Is i mí Aibreáin, 2016 a dhéanfar an chéad tuairisc eile.

Aguisín 1

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

AR LUACH SAOTHAIR Ó IASACHTÚ POIBLÍ

An Scéim um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí

An Seachtú Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2015

Clár Ábhar

1.Intreoir……1

1.1 Bunús Reachtúil……1

1.2 Ionstraim Reachtúil……1

1.3 Bainistiú na Scéime um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí……1

2. An Próiseas Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí……1

3. Bailiú Sonraí faoi Iasachtú……2

4. Clárú Údar agus Teideal……2

5. Íocaíochtaí Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí……2

6. Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí na Ríochta Aontaithe……2

7. Cumarsáid agus Poiblíocht……2

8. Airgeadas……3

9. Buíochas……3

10. Aguisíní……4

10.1 Achoimre ar Íocaíochtaí……4

10.2 Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochta……4

10.3 Íocaíocht de réir Thír Chónaithe……4

10.4 Raon méideanna na n-íocaíochtaí……4

1. Intreoir

1.1 Bunús Reachtúil

Is éard atá i gceist le Ceart Iasachta Poiblí ná an ceart eisiach atá ag údar a leabhar a chur amach ar iasacht; tugadh isteach i ndlí na hÉireann é tríd an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú), 2007. Leis an acht seo, tá dlí na hÉireann ag teacht le dlíthe Eorpacha.[1] De réir an Achta, tá feidhm leis an gceart iasachta ach amháin sa chás ina bhfuil scéim luach saothair i bhfeidhm; forálann sé chomh maith do bhunú scéim luach saothair ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

1.2 Ionstraim Reachtúil

Eisíodh na rialacháin lenar bunaíodh an scéim, Rialacháin 2008 um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (Scéim um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí), ar an 31ú Nollaig, 2008.[2] (I.R. Uimh. 597 de 2008). Faoin Scéim um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí (LSIP), tugtar íocaíocht d'údair, do mhaisitheoirí srl a bhfaigtear a gcuid leabhar ar iasacht ó leabharlanna poiblí. Síníodh Rialacháin 2013 um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (Scéim um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí (Leasú)), I.R. Uimh. 221 de 2013, ar an 20ú Meitheamh 2013.[3]

1.3 Bainistiú na Scéime um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí

Faoi na rialacháin, ainmníodh Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar an Cláraitheoir Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí. Is í an Rannóg Forbartha Leabharlann a bhainistíonn an Scéim LSIP, atá maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

D'obair an Oifig LSIP i gcomhar le Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí na Ríochta Aontaithe, le córais a fhorbairt chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil, rud a fhágann go bhfuil an próiseas cláraithe agus na seirbhísí d'údair a bhaineann le LSIP níos snasta agus níos éifeachtúla anois.

2. An Próiseas Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí

Faoin Scéim LSIP, tabharfar íocaíocht d'údair chláraithe atá ina saoránaigh de thíortha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó atá ina gcónaí ann maidir le leabhair atá cláraithe leis an Scéim LSIP agus a dtugann údaráis na leabharlann poiblí ar iasacht iad.

Ní mór d'údair clárú leis an Oifig LSIP agus sonraí a thabhairt faoi na leabhair ar mhaith leo luach saothair a fháil ina leith.

[1] Treoir 2006/115/EC, OJ L 376, 27.12.2006, lch 28-35.
[2] I.R. Uimh. 597 de 2008.
[3] I.R. Uimh. 221 de 2013.

Tugann údaráis na leabharlann poiblí sonraí faoina gcuid iasachtaí don Oifig LSIP, líon na n-uaireanta sa bhliain a eisítear gach leabhar ina gcuid bailiúchán san áireamh.

Ag deireadh na tréimhse LSIP, déantar na sonraí faoi na hiasachtaí ó gach údarás a mheaitseáil le sonraí na n-údar/na dteideal, agus déantar liosta de na húdair ar tugadh a leabhair ar iasacht agus den líon eisiúintí. Ríomhtar an méid atá le fáil ag gach údar cáilithe agus déantar na híocaíochtaí.

3. Bailiú Sonraí na nIasachtaí

Suiteáiltear modúl iasachtaí LSIP ar chóras bainistíochta leabharlainne údaráis na leabharlann poiblí, agus cuirtear na sonraí maidir le líon na n-uaireanta a eisíodh gach leabhar ina gcuid bailiúchán i dtréimhse shonraithe chuig an Oifig LSIP go huathoibríoch.

4. Clárú Údar agus Teideal

Bhí 18,526 údar as 42 tír cláraithe sa chóras LSIP ag deireadh bhliain LSIP 2015 agus cuireadh sonraí faoi 356,671 teideal ar an gclár.

5. Íocaíochtaí Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí in 2015

Sholáthair an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €200,000 faoi choinne íocaíochtaí leis na húdair ar tugadh a saothar ar iasacht do phobal na hÉireann.

Déantar íocaíochtaí go bliantúil agus tá siad bunaithe ar iasachtaí sa bhliain fhéilire roimhe sin. Bhí údair i dteideal íocaíochta má bhí €2 ar a laghad gnóthaithe acu i Luach Saothar ó Iasachtú Poiblí, agus €1,000 an uas-íocaíocht do na húdair ba mhó a bhfuarthas a saothar ar iasacht. 4.09 cent an ráta in aghaidh na hiasachta. Bhí ríomh na híocaíochta LSIP bunaithe ar 5,121,711 iasacht incháilithe.

Cháiligh 5,611 údar as 20 tír le híocaíocht a fháil in 2015; fuair 14 údar an uas-íocaíocht.

6. Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí na Ríochta Aontaithe

Aistríodh na freagrachtaí as LSIP na Ríochta Aontaithe chuig Leabharlann na Breataine i mí Dheireadh Fómhair 2013. Phléigh foireann LSIP na hÉireann agus na Breataine cur chuige i gcoitinne maidir le LSIP sa todhchaí d'fhonn úsáid acmhainní a uasmhéadú agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil d'údair.

Tá an Oifig LSIP buíoch as an gcuidiú mór atá tugtha ag an bhfoireann LSIP chun an córas LSIP a reáchtáil.

Tuarascáil Bhliantúil 2015 – An Scéim um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí, lch 2

7. Cumarsáid agus Poiblíocht

Is í an Oifig LSIP a amharcann i ndiaidih an suíomh gréasáin www.plr.ie. Mar gheall ar bhailiú sonraí faoi iasachtaí ó na húdaráis leabharlann uile, is féidir anailís a dhéanamh ar iasachtaí ó leabharlanna poiblí ar bhonn náisiúnta. In 2015, d'eisigh an Oifig LSIP preasráitis náisiúnta faoi iasachtaí ó leabharlanna poiblí chuig na meáin chumarsáide nuair a iarradh iad.

8. Airgeadas

Tá an Scéim um Luach Saothair ó Iasachtú Poiblí maoinithe go díreach ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ní ghearrtar tobhach ar na húdaráis áitiúla.

Beidh sonraí na gcuntas deiridh don tréimhse an 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig, 2015 leagtha amach sa Ráiteas Airgeadais a fhoilseoidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil do 2015.

9. Buíochas

Ba mhaith leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis an Aire Stáit agus lena gcuid oifigeach as an tacaíocht leanúnach a thugann siad. Is mian léi buíochas a ghabháil freisin le húdaráis na leabharlann poiblí as a gcomhoibriú i bhfeidhmniú leanúnach Scéim LSIP agus le foireann LSIP i Leabharlann na Breataine as a gcomhairle, tacaíocht agus cuidiú teicniúil.

PLR Registrar

05/04/2016

Date

10. Aguisíní

10.1 Achoimre ar Íocaíochtaí

Acmhoimre ar Íocaíochtaí	2015
Líon na n-údar cláraithe do LSIP in 2015	18,526
Líon na n-údar cáilithe le híocaíocht a fháil	5,611
Caiteachas Iomlán (Maoiniú ón Roinn agus airgead anonn ó 2014)	€200,272.06
Líon na n-údar a fuair an uas-íocaíocht	14
Ráta in aghaidh na hiasachta	4.09 cent
Líon iomlán na n-iasachtaí incháilithe	5,121,711

10.2 Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochta

Modh Íocaíochta	**Líon Údar, 2015**	**Líon iomlán, 2015**
Ríomhíocaíocht díreach isteach i gcuntais Euro/i gcuntais nach steirling iad	478	€25,154.38
Ríomhíocaíocht díreach isteach i gcuntais steirling sa Ríocht Aontaithe	5077	€174,238.02
Íocaíochtaí ar feitheamh	56	€897.66
Iomlán	**5611**	**€200,272.06**

Tuarascáil Bhliantúil 2015 – An Scéim um Luach Saothair ó Iasachtaí Poiblí, lch 4

Aguisín 2

CUNTAIS AIRGEADAIS 2015

AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

Ráitis Airgeadais

Don bhliain suas go dtí an 31ú Nollaig 2015

Clár Ábhar

* Tuarascáil an Iniúchóra Rialtais Áitiúil	59 - 60
* Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	61 -62
* Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	63
* An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	64 - 65
* An Clár Comhardaithe	66 - 67
* Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	68 - 69
* Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus atá mar chuid díobh	70 - 79

AN GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA RIALTAIS ÁITIÚIL DO BHORD NA GNÍOMHAIREACHTA BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

Intreoir

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig, 2015. Tá na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá luaite iontu, comhdhéanta den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, den Chlár Comhardaithe, den Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus ar na nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus atá mar chuid díobh.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil faoi seach

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir Ordú na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012 agus as a chinntiú go bhfuil rialtacht ag baint le hidirbhearta. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird.

Tá sé mar fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas cuí dlí agus rialtachta de réir an Chóid um Chleachtais Iniúchóireachta.

Tugaim mo thuairim féin cé acu atá nó nach bhfuil léargas fíor, cothrom le fáil sna ráitis airgeadais de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Luaim freisin cad é mo thuairim maidir le leabhair chuntais chearta a bheith coinnithe. Chomh maith leis sin, cuirim in iúl cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Luaim freisin é más amhlaidh nach bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin uile atá riachtanach le gur féidir liom m'iniúchadh a dhéanamh faighte agam.

Déanaim athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais agus cuirim in iúl cé acu a shílim nó nach sílim go dtugann sé léargas ceart ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit ag an mBord, agus tugaim le fios má tá aon chás ábhartha ann nach dtugann an ráiteas léargas ceart nó má tá an ráiteas míthreorach nó muna bhfuil sé ag teacht le faisnéis eile atá ar eolas agam mar gheall ar m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Níl ceangal orm a rá cé acu a chlúdaíonn nó nach gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gach riosca agus rialú airgeadais agus ní gá dom tuairim a thabhairt faoi éifeachtúlacht na ngnáthamh riosca agus rialaithe.

Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Rinne mé m’iniúchadh de réir an Chóid um Chleachtais Iniúchóireachta. Nuair a dhéantar iniúchadh, déantar scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann leis na méideanna agus leis na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Déantar measúnú freisin ar na meastúcháin shuntasacha agus ar na

breithiúnais a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Déantar measúnú chomh maith maidir leis na polasaithe cuntasaíochta a bheith oiriúnach nó a mhalairt do dhálaí an Bhoird agus féachtar lena fheiceáil an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go leordhóthanach.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa dóigh go dtiocfadh liom an t-eolas agus na míniúcháin uile a shíl mé a bheith riachtanach a fháil chun fianaise leordhóthanach a thabhairt chun dearbhú réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis, bíodh calaois nó mírialtacht nó botún eile i gceist. Agus mé ag teacht ar mo thuairim, rinne mé measúnú freisin ar leordhóthanacht fhoriomlán cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Dar liom, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cothrom ar an riocht ina raibh gnóithe an Bhoird amhail an 31ú Nollaig 2015 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird don bhliain dar críoch an dáta céanna.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a shíl mé a bheith riachtanach don iniúchadh seo faighte agam. I mo thuairimse, tá leabhair chearta chuntais coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Luaim na rudaí seo a leanas i gcásanna eisceachtúla:

- Nuair nach bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile atá de dhíth orm faoi choinne m'iniúchta faighte agam, nó
- Nuair nach dtugann an Ráiteas ar Rialú Inmheánach léargas ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit ag an nGníomhaireacht, nó
- Nuair a thagaim ar cheisteanna ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndeachthas i mbun gnó poiblí.

Eisceachtaí:

Mar a dúradh san iniúchadh deireanach, ba chóir don Bhord plean straitéiseach a dhéanamh de réir alt 2.12 go 2.15 sa Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit.

Síniú: ABrennan *Dáta:* 4 Bealtaine, 2016

Anne (N) Brennan

An tIniúchóir Rialtais Áitiúil

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

1. Ar son Bhord na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, aithním an fhreagracht atá orainn as an gcóras rialú inmheánach airgeadais sa ghníomhaireacht agus as próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm lena chinnitú go bhfuil an córas éifeachtach. Is féidir leis an gcóras dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus cláraithe mar is ceart agus go bhfuil botúin nó mírialtachtaí eile coiscthe nó go dtiocfaí orthu in am agus i dtráth.

2. Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbíonn timpeallacht cheart rialaithe i bhfeidhm. Is iad:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí na mbainisteoirí a shainmhíniú go soiléir.
- Glacadh leis na prionsabail faoi rialú corparáideach atá sa Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit, lena n-áirítear:
    - A dhearbhú go ndéantar de réir na dtreoirlínte soláthair atá leagtha amach sa Chód.
    - A dhearbhú go ndéantar de réir na dtreoirlínte maidir le diúscairt sócmhainní agus fáil ar shócmhainní ag tríú páirtithe, de mar atá leagtha amach sa Chód.
    - A dhearbhú go gcuirtear polasaithe Rialtais i bhfeidhm maidir le luach saothair don Phríomhfheidhmeannach.

- Gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an eagrais agus a chuid sócmhainní a chosaint.
- Meon na cuntasachta a dhaingniú in intinn gach duine ag gach leibhéal san eagras.

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aimsiú agus a mheasúnú ar na dóigheanna seo a leanas:

- Nádúr, méid agus ciallachais airgeadais na rioscaí atá roimh an eagras a aithint.
- An dóchúlacht go dtitfidh na rioscaí aitheanta amach a mheasúnú.
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na pleananna seo a chur i bhfeidhm.

Tá an córas rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat a mbaineann na gnéithe a leanas leis: eolas rialta do bhainisteoirí, gnáthaimh riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go mór mhór:

- Córas buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus comhaontú ina leith.

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais, a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais réamhinsintí.
- Smachtanna foirmiúla bainistiú tionscadal.

3. Tá seachfhoinsiú déanta ag GBRÁ ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí, a dhéantar de réir an Chód Creata don Chleachtas is Fearr atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Foras Stáit.

Feidhmíonn na hIniúchóirí Inmheánacha faoi stiúir Choiste Iniúchóireachta an Bhoird. Tagann an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar bhonn rialta, ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, le hathbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha ullmhaithe ag na hIniúchóirí Inmheánacha. Tugann an Coiste Iniúchóireachta tuairiscí don Bhord go rialta maidir leis na ceisteanna a bhfuil plé déanta aige orthu.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain dar críoch an 31ú Nollaig 2015, go ndearna an Coiste Iniúchóireachta, ar son an Bhoird, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chóras rialú inmheánach airgeadais.

Thar cheann an Bhoird:

Cathaoirleach GBRÁ

Dáta 26 Bealtaine 2016

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2015

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) faoi Ordú 2012 na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) (I.R. Uimh. 290 de 2012).

Is foras reachtúil é a bhfuil sé de dhualgas air réimse seirbhísí a chur ar fáil don earnáil Rialtais Áitiúil.

De réir Alt 18 d'Ordú 2012 na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), tá ceangal ar an mBord cuntais chearta a choinneáil ar ioncam agus ar chaiteachas uile na Gníomhaireachta, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar údar an chaiteachais, agus ar mhaoin, chreidmheas agus dhliteanais na Gníomhaireachta. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, caithfidh GBRÁ na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta, cúramach;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás ina mbeidh sé mí-oiriúnach a bheith ag déanamh go leanfaidh GBRÁ ar aghaidh i mbun gnó;
- Difríochtaí ar bith leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil a nochtann go réasúnta cruinn i gcónaí riocht airgeadais GBRÁ agus a ligeann di a chinntiú go bhfuil an ráiteas airgeadais ag teacht le hAlt 18 d'Ordú na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile chosc.

An Cathaoirleach

An Príomhfheidhmeannach

Dáta 26 Bealtaine, 2016

AN RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH (AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH an 31ú Nollaig 2015

IONCAM	Nótaí	**2015**	**2014**
		€	€
Ranníocaíochtaí na n-údarás áitiúil		10,075,255	10,386,333
Asbhaintí coinnithe Aoisliúntais		361,693	361,511
Ranníocaíochtaí don Chiste Fiachmhúchta		228,906	241,501
Aisghabháil costas – an Muirear Teaghlaigh		155,456	437,671
Ioncam eile	3	9,439,368	8,970,871
Admhálacha um Áit Chónaithe Phríobhdáideach Neamhphríomha	4	35,261,848	83,030,875
Bailiúcháin an Mhuirear Teaghlaigh	5	-	109,004
Táille Clárúcháin Ár nUisce a Chosaint	6	181,065	219,410
Maoiniú lárnach do Chomhsheirbhísí	7/11	4,899,767	4,136,221
Grúpa Comhairleach Comhpháirtíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil		201,169	2,516
Ioncam Iomlán		60,804,526	107,895,913
CAITEACHAS			
Luach Saothair agus costais eile íocaíochtaí		7,715,143	8,136,288
Speansais taistil agus chóiríochta		188,645	220,507
Oiliúint agus Forbairt		237,392	219,709
Costais oibriúcháin	8	8,801,985	7,143,650
Costais bunaithe	9	653,649	663,873
Costais riaracháin	10	522,360	408,615
Maoiniú i ndeontais íoctha amach		556,750	538,809
Costais forbartha agus oibriúcháin an Mhuirear Teaghlaigh		155,456	226,615
Dímheas		649,127	789,782
Costais Chomhsheirbhísí maoinithe go lárnach	7/11	4,902,392	4,135,640
Grúpa Comhairleach Comhpháirtíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil	12	267,134	2,516

Íocaíochtaí um Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha	4		35,261,848	83,030,875
Íocaíochtaí don Mhuirear Teaghlaigh	5	-		148,397
Íocaíochtaí Ár nUisce a Chosaint	6		181,065	219,561
Caiteachas Iomlán			60,092,945	105,884,836
Barrachas don tréimhse			711,581	2,011,077
Aistriú go dtí an Cúlchiste Speisialta Fiachmhúchta	19		228,906	241,501
Barrachas coinnithe don treimhse			482,675	1,769,576

An Cathaoirleach

An Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR AN RIOCHT AIRGEADAIS (AN CLÁR COMHARDAITHE)
Amhail an 31ú Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	13	6,985,228	7,560,836
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus sa Bhanc	14	19,077,375	27,300,528
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	15	1,560,896	1,343,717
An Cuntas Infheistíochta		4,002,578	4,166,856
		24,640,848	32,811,101
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	16	7,511,130	17,005,826
Glansócmhainní Reatha		17,129,718	15,805,275
Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha		24,114,946	23,366,110
Creidiúnaithe: Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin	17	430,439	
Glansócmhainní		23,684,507	23,366,110

Maoinithe ag

Cúlchistí	**An Cúlchiste Ginearálta**	18	14,621,313	14,066,343
	An Cúlchiste Speisialta	19	4,002,578	4,166,856
	An Cúlchiste Athluachála	20	5,060,617	5,132,911
			23,684,507	23,366,110

An Cathaoirleach

An Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ (RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ)
AMHAIL an 31ú Nollaig 2015

	2015	2014
	€	€
Glanairgead Tirim Isteach (Amach) as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain sa Chúlchiste Ginearálta	482,675	1,769,576
Ús gnóthaithe	(81,120)	(70,477)
Dímheas	649,127	789,782
(Méadú) Laghdú ar Fhéichiúnaithe	(217,179)	(329,857)
Méadú (Laghdú) ar Chreidiúnaithe	(9,564,257)	5,337,655
Glanairgead tirim as gníomhaíochtaí oibriúcháin	(8,730,753)	7,496,679
Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí le Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil	(73,520)	(192,432)
	(73,520)	(192,432)
Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí maoinithe		
Ús Bainc faighte	81,120	70,477
Deontas bainc	500,000	
Méadú ar infheistíocht sa chiste fiachmhúchta	(164,278)	232,981
	416,842	303,458
Airgead Tirim Iomlán Isteach / (Amach)	(8,387,432)	7,607,705

Méadú (Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Chomhluachanna in Airgead Tirim

	01/01/2015	31/12/2015	Athrú
	€	€	
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar láimh	27,300,528	19,077,375	(8,223,153)
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	4,166,856	4,002,578	(164,279)
	31,467,384	23,079,952	(8,387,432)

An Cathaoirleach

An Príomhfheidhmeannach

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31ú NOLLAIG 2015

1. Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) faoi Ordú na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012 (I.R. Uimh. 290 de 2012).

Is gníomhaireacht stáit í GBRÁ de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bunaíodh í le réimse seirbhísí a chur ar fáil don earnáil rialtais áitiúil.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht nuair a rinneadh an Bord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil, an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Chomhairle Leabharlann a chumasc.

Is iad seo a leanas seoltaí poist oifigí GBRÁ:

Teach Rialtais Áitiúil	Teach an Fhionnuisce
35-39 Cé Usher	27 Bóthar Conyngham
Baile Átha Cliath 8	Baile Átha Cliath 8

2. Achoimre ar na Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta

2.1 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin stairiúil chostais agus ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar atá mínithe i nóta 2.2. thíos, agus de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta.

Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais de réir mar a bhíonn feidhm leo.

Euro (€) an t-airgeadra atá i gceist sna ráitis airgeadais.

2.2 Foinsí Ioncaim agus Aitheantas

Ranníocaíochtaí ó na húdaráis áitiúla an phríomhfhoinse ioncaim atá ag GBRÁ. Tá na ranníocaíochtaí bunaithe ar leithdháileadh comhaontaithe buiséad bliantúil GBRÁ.

Faigheann GBRÁ ioncam freisin ó na húdaráis áitiúla agus ó fhorais eile stáit as tionscadail áirithe eile a dhéanamh ar son na hearnála rialtais áitiúil.

De réir na reachtaíochta cuí lena dtugtar muirear nó táille clárúcháin isteach, ba í GBRÁ an ghníomhaireacht ar leagadh an dualgas uirthi na cinn seo a leanas a bhailiú agus a bhainistiú:

- An muirear um áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha
- An Muirear Teaghlaigh
- Táille clárúcháin Ár nUisce a Chosaint

Tá bailiúcháin ón bpobal cláraithe sna ráitis airgeadais de réir na gceannteideal thuas ar bhonn airgead tirim faighte.

2.3 Maoin, Fearas agus Trealamh, agus Dímheas

Tá maoin, fearas agus trealamh luaite mar chostas stairiúil lúide dímheas carntha, ach amháin i gcás Theach Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Usher, Baile Átha Cliath 8, atá luaite mar an méid luacháilte. Rinneadh Teach Rialtais Áitiúil a luacháil nuair a críochnaíodh an obair thógála air in 2007.

2.4 Dímheas

Baintear de dhímheas ionas gur féidir costas nó luacháil na sócmhainní a dhíscríobh go dtí an luach iarmharach ag baint úsáide as modh na líne dírí thar a saolré measta bunaithe ar na boinn tuisceana seo a leanas:

- Áitreabh Ruilse 2%
- Daingneáin agus Feisteas 10%
- Trealamh Ríomhaireachta agus Gabhálas 33.33%
- Troscán agus Trealamh Oifige 10%
- Trealamh Oiliúna 20%

2.5 Aoisliúntas

Is ball den Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil í GBRÁ.

Baintear íocaíochtaí bliantúla pinsin den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dhéantar iad. Áirítear i gcostas na dtuarastal sna cuntais asbhaintí maidir le sochair aoisliúntais (Baintrí agus Dílleachtaí san áireamh). Tá asbhaintí den chineál seo creidiúnaithe mar fháltais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Maoinítear cnapshuimeanna ar dhul ar scor ó Chúlchiste Speisialta na Gníomhaireachta, a bunaíodh don go háirithe lena aghaidh sin. Tá machnamh á dhéanamh faoi láthair ar riachtanais na gcaighdeán reatha cuntasaíochta maidir le pinsin agus a gcur i bhfeidhm i gcuntais na n-údarás áitiúil.

2.6 Tionscadail Chomhsheirbhísí sa Rialtas Áitiúil

Tugadh roinnt tionscnamh faoi choinne tionscadal a bhaineann le comhsheirbhísí isteach in 2013, agus bunaíodh Oifig Bainistíochta na gClár (OBC) leis na tionscadail a chomhordú agus a stiúradh. Aithníodh comhsheirbhísí san Athbhreithniú ar Éifeachtúlachtaí sa Rialtas Áitiúil mar dhóigh le héifeachtúlachtaí a bhaint amach agus coigilteas a dhéanamh ar chostais.

Bhain na tionscadail le comhsheirbhísí párolla (MyPay) agus aoisliúntais, soláthair agus bainistiú cisteán.

Chomh maith le seirbhísí TF agus eile a sholáthar do na tionscnaimh seo, nó do chuid acu, tá GBRÁ mar ghníomhaire ag Oifig Bainistíochta na gClár a fhaigheann maoiniú go lárnach ó RCPRÁ.

Chomh maith leis sin, tá cuntas bainc oscailte ag GBRÁ trína bhfaigheann oifig chomhsheirbhísí párolla MyPay maoiniú párolla agus trína n-íocann sí amach é. Tá saoráid rótharraingthe €1.5m ag dul leis an gcuntas.

Fuair GBRÁ cead in 2014 faoi choinne saoráid iasachta €7m chun cur i bhfeidhm MyPay do na húdaráis áitiúla uile a éascú; téarma 10 mbliana atá i gceist leis. Tarraingíodh síos €500,000 i mí Feabhra 2015.

2.7 Cúlchistí

Tá Cúlchistí GBRÁ rangaithe mar seo a leanas:

- Cúlchistí Ginearálta

  Na barrachais charntha as gnáthghníomhaíochtaí oibriúcháin GBRÁ agus, sular bunaíodh GBRÁ, cúlchistí carntha oibriúcháin an Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil agus an Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

- An Cúlchiste Speisialta

  Cúlchiste a bunaíodh le cnapshuimeanna scoir a íoc. Tá an cúlchiste seo luaite mar Chuntas Infheistíochta, atá le fáil faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhardaithe.

- An Cúlchiste Athluachála

  Cúlchiste a bunaíodh nuair a rinneadh luacháil ar Phríomhoifig GBRÁ in 35-39 Cé Usher, Baile Átha Cliath 8.

2.8 Meastúcháin agus Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta

Ní dhéantar aon mheastúchán ná breithiúnas agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú.

3 Ioncam Eile	2015 €	2014 €
An Córas Bainistíochta Rialú Foirgníochta	99,259	365,207
Ús ar thaiscí	81,120	70,477
eHEG	55,870	103,920
Ríomhíocaíochtaí	531,324	506,104
An Córas Bainistíochta Airgeadais	1,577,651	1,568,795
An tIonad Sonraí Rialtais	770,189	1,360,635
Tithíocht	280,777	300,780
Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntas	1,884,869	1,753,736
Aonad Forbartha na Leabharlann	921,055	690,967
Caiteachas athbhainte agus ioncam eile	353,708	166,210
Tionscadail Bhóithre	2,228,069	1,438,263
Ioncam as Comhaltaí Foirne ar Iasacht	591,123	573,047
Oiliúint agus Comhdhálacha	34,938	41,231
Teicneolaíochtaí Gréasáin	29,417	31,500
	9,439,368	8,970,871

4 An Muirear um Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha

Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009, cuireadh i bhfeidhm muirear bliantúil i dtaca le maoin áirithe chónaithe. Cuireadh an muirear bliantúil €200 i bhfeidhm idir 2009 agus 2013. Bhí ceangal ar úinéirí réadmhaoine maoin ar bith a bhain leis an muirear a chlárú agus an muirear, agus aon phionós a bheadh ann as íoc go mall, a íoc.

Is í GBRÁ an bord atá ainmnithe leis an muirear bliantúil a bhailiú ar son na n-údarás áitiúil. Cé gur in 2013 a gearradh an muirear den uair dheireanach, lean GBRÁ ar aghaidh in 2015 de bheith ag bailiú riaráistí dlite faoin reachtaíocht.

Bailiúcháin chomhlána	35,261,848	83,030,875
Eisíocaíochtaí chuig na húdaráis áitiúla	35,018,031	82,555,235
Costais forbartha agus oibriúcháin	243,817	475,641
Fo-iomlán	35,261,848	83,030,875
Trealamh a ceannaíodh	-	-
	35,261,848	83,030,875

5 An Muirear Teaghlaigh

Muirear €100 ar gach maoin chónaithe sa Stát a bhí sa Mhuirear Teaghlaigh; tugadh isteach é faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011.
Bhí an muirear le híoc faoi choinne 2012 amháin agus fuarthas réidh leis nuair a tugadh isteach Cáin Mhaoine Áitiúil in 2013. Ba í GBRÁ an bord ábhartha a ainmníodh leis an Muirear Teaghlaigh a bhailiú agus a riar ar son na n-údarás áitiúil.Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an gCáin Mhaoine Áitiúil a riar agus as riaráistí ar bith maidir leis an Muirear Theaghlaigh.

	2015 €	2014 €
Bailiúcháin le linn na bliana, glan ar admhálacha		109,004
Bailiúcháin na bliana roimhe a próiseáladh		39,392
		148,397
Íoctha/le híoc leis an gCiste Rialtais Áitiúil		148,397
Costais forbartha agus oibriúcháin	155,456	226,615
Éilithe/In-Éilithe ó RCPRÁ	155,456	437,671

6 Táille Clárúcháin Ár nUisce a Chosaint

Leasaíodh an tAcht Seirbhísí Uisce, 2007 leis an Acht Seirbhísí Uisce (Leasú), 2012; tugadh isteach próiseas clárúcháin faoi choinne córais bhaile chóireála fuíolluisce.
Cuireadh tús leis an bpróiseas clárúcháin ar an 26ú Meitheamh, 2012. €5 an táille clárúcháin sa chéad trí mhí agus €50 a bhí air ina dhiaidh sin. Faigheann úinéirí cláraithe Deimhniú Clárúcháin. Tá an clárú bailí ar feadh cúig bliana.
Ceapadh GBRÁ mar an ghníomhaireacht a riarfadh an próiseas clárúcháin ar a dtugtar Ár nUisce a Chosaint.

	2015 €	2014 €
Bailiúcháin chomhlána	181,065	219,410
Eisíocaíochtaí leis na húdaráis áitiúla	-	0
Costais forbartha agus oibriúcháin	178,937	154,311
Fo-iomlán	178,937	154,311
Méadú ar na cistí glana atá ar fáil	2,128	65,250

		181,065	219,561

		2015	2014
7	**Maoiniú lárnach na gComhsheirbhísí**	€	€
	Maoiniú Lárnach a fuarthas	4,899,767	4,136,221
	Costais tabhaithe Reatha	4,899,767	4,135,640
	Caipitiúil		
	Costais Iomlána	4,899,767	4,135,640
	Costais Ghlana neamh-in-éilithe	2,625	581

	CAITEACHAS	**2015**	**2014**
8	**Costais oibriúcháin**	€	€
	Comhairleoireacht	219,366	177,322
	Forbairt Bogearraí, Tacaíocht agus Ceadúnais	7,607,571	5,919,116
	Costais infreastruchtúir	442,896	546,286
	Costais Íocaíochtaí Ar Líne	532,153	500,925
		8,801,985	7,143,650
9	**Costais bunaithe**		
	Cíos agus rátaí	179,517	174,759
	Solas agus teas	172,849	157,902
	Cothabháil, deisiúcháin agus slándáil	301,283	331,212
		653,649	663,873

		2015	2014
10	**Costais riaracháin**	€	€
	Pearsanra	94,633	15,466
	Gutháin, postas agus stáiseanóireacht	189,677	220,671
	Ús agus táillí	2,696	1,659
	Táillí iniúchóireachta	26,287	35,941
	Táillí gairmiúla	105,168	42,028
	Árachas	47,433	46,549
	Ilghnéitheach	56,465	46,301
		522,360	408,615

11. Comhsheirbhísí maoinithe go lárnach

Le linn 2013, ba í GBRÁ an foras a bhí freagrach as bailiú costas a riar agus éilimh mhaoinithe a chur isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar son na n-údarás áitiúil arb iad na ceann-údaráis iad ó thaobh comhsheirbhísí de. Ba í Oifig Bainistíochta na gClár an foras comhordaithe. Le hoibriú MyPay – an chomhsheirbhís phárolla agus aoisliúntais – a éascú, d'oscail GBRÁ cuntas faoin ainm sin a gcuireann comhaltaí foirne MyPay maoiniú párolla agus comhaid íocaíochta isteach ann.

12. Grúpa Náisiúnta Comhairleach Comhpháirtíochta na nÚdarás Áitiúil (GNCCÚA)

	2015	2014
	€	€
Ioncam:		
Ioncam deontais	201,150	2,386
Ús ar thaiscí	18	130
	201,169	2,516
Caiteachas		
Taisteal agus Cothabháil	995	342
Tionscadail Náisiúnta agus Réigiúnacha	30,075	1,950
Ús agus Táillí Bainc	142	224
Aisíoc Deontas faighte	235,923	-
	267,134	2,516
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	<65,966>	<0>

13 Sceideal maoine, fearais agus trealaimh

	Áitreabh	Daingneáin agus Feisteas	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh agus Troscán Oifige	Trealamh Oiliúna	Iomlán
COSTAS	€	€	€	€	€	€
Costas Carntha amhail 1/1/2015	9,186,625	1,809,326	2,085,929	597,453	20,902	13,700,235
Diúscairtí Breiseáin			73,520			73,520
Costas Carntha amhail 31/12/2015	9,186,625	1,809,326	2,159,449	597,453	20,902	13,773,755
DÍMHEAS						
Dímheas Carntha amhail 1/1/2015	2,251,957	1,539,629	1,760,902	566,010	20,902	6,139,400
Diúscairtí Muirear don Bhliain	183,733	171,494	285,390	8,511		649,127
Dímheas Carntha amhail 31/12/2015	2,435,689	1,711,123	2,046,291	574,521	20,902	6,788,527
Glanluach ar na Leabhair amhail 31/12/2015	6,750,936	95,203	113,157	22,933	0	6,985,228
31/12/2014	6,934,668	269,697	325,027	31,444	0	7,560,836

14 Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

	2015	2014
	€	€
Cuntais bhainc GBRÁ	15,796,072	15,384,657
Cuntais bhainc an Mhuirear um Áit Chónaithe Phríobháideach Neamh-Phríomha	2,566,067	10,975,501
An Muirear Teaghlaigh	113,949	14,700
Ár nUisce a Chosaint	601,287	549,978
GRCCÚA	-	375,692
	19,077,375	27,300,528

		2015	2014
15	**Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí**	€	€
	Féichiúnaithe	470,632	788,871
	Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	1,090,264	554,846
		1,560,896	1,343,717
		0	0
16	**Creidiúnaithe agus Fabhruithe**		
	Creidiúnaithe – Trádáil	108,350	16,124
	Creidiúnaithe Éagsúla, Fabhruithe agus Ioncam Réamhíoctha	7,402,780	16,989,702
		7,511,130	17,005,826
		0	
17	**Creidiúnaithe:** méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin		
	Deontas maoinithe	430,439	-
		430,439	-

18 An Cúlchiste Ginearálta

Is éard atá sa Chúlchiste Ginearálta barrachais charntha na Gníomhaireachta agus an iar-Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil agus an iar-Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

		2015	2014
19	**An Cúlchiste Speisialta**	€	€
	Iarmhéid Oscailte	4,166,856	3,933,874
	Ranníocaíochtaí na n-údarás áitiúil sa tréimhse	228,906	241,501
	Ús gnóthaithe	23,852	29,037
	Íocaíochtaí cnapshuimeanna pinsin	<417,036>	<37,557>
		4,002,578	4,166,856

20 An Cúlchiste Athluachála

Bunaíodh an Cúlchiste Athluachála maidir le Teach Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Usher, Baile Átha Cliath 8.
In 2007, tógadh an foirgneamh seo in ionad an áitribh ar shuíomh Ché Usher a bhí faoi úinéireacht agus i seilbh an Bhord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil.
Is é ceanncheathrú na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil anois é.

GLUAIS

AD	ACMHAINNÍ DAONNA
ADPAC	ACMHAINNÍ DAONNA, PÁROLLA AGUS AOISLIÚNTAS
AE	AN tAONTAS EORPACH
AIP	CLÁR ANN FÉIN NÓ BOGEARRAÍ
BCC	BAINISTIÚ AN CHAIDRIMH LE CUSTAIMÉIRÍ
BSBRÁ	AN BORD SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITÚIL
BSRRÁ	AN BORD SEIRBHÍSÍ RÍOMHAIREACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL
CB	CLÁR BEART
CBA	AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS
CBC	AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA COSÁN
CBRF	AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA UM RIALÚ FOIRGNÍOCHTA
CBS	AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA
CCAAPF	AN COISTE COMHSHAOIL, ATHRÚ AERÁIDE AGUS PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA
CCI	COMHSHEIRBHÍS CHUNTAIS INÍOCTHA
CFBF	AN CÓRAS FORBARTHA BAINISTÍOCHTA FEIDHMÍOCHTA
CFBT	AN CÓRAS FAISNÉISE UM BAINISTIÚ TIONSCADAL
CL	COIBHÉIS LÁNAIMSEARTHA
CLBCC	AN CUMANN LUCHT BAINISTÍOCHTA CONTAE AGUS CATHRACH
CNC	AN COISTE NÁISIÚNTA CAIGHDEÁN
CNMI	AN COIMISIÚN NÁISIÚNTA MAOIRSEACHTA AGUS INIÚCHÓIREACHTA
COTU	CREAT OIBRÍOCHTA AN TIONSCAIL UISCE
CS	COMHAONTÚ SEIRBHÍSE
CT	CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH
CTU	AN CHREAT-TREOIR UISCE
DDOS	DIÚLTÚ LEITHDHÁILTE SEIRBHÍSE

FPG	FEABHSÚ PRÓISEAS GNÓ
FNT	AN FHOIREANN NÁISIÚNTA TIONSCADAL
GBRÁ	AN GHNÍOMHAIREACHT BHAINISTÍOCHTA RIALTAIS ÁITÚIL
GCC	AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL
GCUÉ	GRÚPA COMHAIRLIÚCHÁIN UISCE ÉIREANN
GMAEP	AN GRÚPA MAOIRSEACHTA UM ATHCHÓIRIÚ NA hEARNÁLA POIBLÍ
GMFSD	GRÚPA MAOIRSEACHTA AGUS FEIDHMITHE NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN
GNC	AN GRÚPA NÁISIÚNTA COMHORDAITHE
GOSÚÁ	GRÚPA OIFIGIGH SHÁBHÁILTEACHTA NA nÚDARÁS ÁITIÚIL
HUB	Grúpa Údarás Áitiúil a bhfuil sé d'freagracht orthu próiseáil a dhéanamh ar idirbhearta go lárnach ar son na n-údaras Píolótacha agus údaráis Chéim 1
ÍCT	ÍOCAÍOCHTAÍ CÚNAIMH TITHÍOCHTA
IE	IARRATAS AR EOLAS
ISRC	INNÉACS NA SUIRBHÉIREACHTA AR RIOCHT COSÁN
LOL	AN LÁRIONAD OIBRÍOCHTA LÍONRA
LSORÁ	AN LÁRIONAD SOLÁTHAIR OIBRÍOCHTÚIL RIALTAIS ÁITIÚIL
LSSRÁ	AN LÁRIONAD SOLÁTHAIR STRAITÉISIGH RIALTAIS ÁITIÚIL
M agus T	MONATÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ
OASU	AN OIFIG UM AISTRIÚ SEIRBHÍSÍ UISCE
OBC	OIFIG BAINISTÍOCHTA NA gCLÁR
OSR	AN OIFIG UM SHOLÁTHAR RIALTAIS
PBAnna	PLEANANNA BAINISTÍOCHTA ABHANTRACH
PBS	PLEAN BLIANTÚIL SEIRBHÍSE
PF	PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
PFanna	PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA
PT	AN PRÍOMHOIFIGEACH TEICNIÚIL

RCC	AN ROINN CIRT AGUS COMHIONANNAIS
RCPRÁ	AN ROINN COMHSHAOIL, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITÚIL
RCS	AN ROINN COIMIRCE SÓISIALTA
RTBM	AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA
SEPA	AN LIMISTÉAR AONAIR ÍOCAÍOCHTA EURO
SIPTU	AN CEARDCHUMANN SEIRBHÍSÍ TIONSCLAÍOCHA, TEICNIÚLA AGUS GAIRMIÚLA
TFC	TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE
ÚÁ	ÚDARÁS ÁITIÚIL
UÉ	UISCE ÉIREANN
USA	ULLMHACHT SONRAÍ AOISLIÚNTAIS